Turarascáil Bhliantúil 2003



CER

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

Commission for Energy Regulation

Clár

Ráiteas an Choimisinéara	**4**
Bearta Reachtaíochta	**7**
Rialáil Mhargadh Athraitheach Gáis na hÉireann	**11**
Cinntiú an tSoláthair Leictreachais le Freastal ar an Éileamh Méadaithe	**16**
Forbairt agus Rialáil Ghréasán Leictreachais na hÉireann	**19**
Socruithe maidir le Trádáil Leictreachais sa Mhargadh Athraitheach	**22**
Margaí Miondíola Leictreachais agus an Custaiméir	**25**
Cothú an Fhuinnimh Inbhuanaithe & In-athnuaite	**27**
Ceadúnú & Comhlíonadh	**30**
Aguisín 1 – Clár Oibre CER 2004	**33**
Aguisín 2 – Reachtaíocht Leictreachais	**35**
Aguisín 3 – Reachtaíocht Gáis	**38**

Nóta don Aire

Do Dermot Ahern Uasal, T.D.
An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Faoi réir ag mír 25(c) den Sceideal leis an Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, tá áthas orm cúigiú tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh, i ndáil leis an tréimhse ó 1 Eanáir 2003 go dtí 31 Nollaig 2003 a chur faoi do bhráid.

Tom Reeves
An Coimisinéir um Rialáil Fuinnimh

Ráiteas an Choimisinéara

Tom Reeves
An Coimisinéir

Bliain mhór ó thaobh cúraimí agus imeachtaí a bhí sa bhliain 2003. Is iomaí ní suimiúil forbarthach a tharla i rith na bliana maidir le margadh gan srian a chothú.

I mí an Mheithimh, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le dhá threoir Eorpacha i ndáil le rialacha coitianta don mhargadh inmheánach leictreachais agus gáis, trína ndéantar leasú agus athriaradh ar threoracha roimhe sin maidir le leictreachas agus gás, chomh maith le treoir maidir le coinníollacha rochtaine don ghréasán do mhalartú leictreachais tras-teorann. Foráiltear sna treoracha do dhíshrianú iomlán ar gach margadh leictreachais agus gáis nádúrtha de chuid na hEorpa faoi Iúil na bliana 2007. Beidh an margadh leictreachais agus an margadh gáis nádúrtha in Éirinn díshrianta go hiomlán ó thaobh coimhlinte faoi 2005, chun cinn go maith ar spriocdháta na hEorpa.

Maidir le cúrsaí ginte, fógraíodh torthaí an chomórtas acmhainn ghinte i mí na Nollag. Tá conarthaí sínithe ag Aughinish Alumina Ltd agus Tynagh Energy Joint Venture anois le ESB Public Electricity Supplier (ESB PES) maidir le hacmhainn ghinte de os cionn 500MW in iomláine a chur ar fáil ó dhá stáisiún ginte neamhspleácha nuathógtha. Fágfaidh sin ardú suntasach ar an acmhainn ginte in Éirinn agus cuideoidh sé le soláthar deimhin a chinntiú ar feadh na mblianta amach romhainn.

Baineadh amach go leor i rith na bliana 2003 maidir le forbairt ar shocruithe trádála feabhsaithe don mhargadh liobrálaithe. I mí Bealtaine, foilsíodh na prionsabail ardleibhéil a bheartaítear a chur i bhfeidhm ar an margadh nua leictreachais. Tá roinnt grúpaí oibre bunaithe in éineacht le rannpháirtithe ábhartha tionsclaíocha d'fhonn rialacha maidir le leagan amach an mhargaidh nua ó 19 Feabhra 2006 a thabhairt chun cinn agus chun críche.

Chomh maith leis na nithe sin, tá infheistíocht iomlán de €2.68bn (i bpraghsanna na bliana 2002) ceadaithe ag an gCoimisiún, go dtí seo, le feabhsú a dhéanamh ar na gréasáin leictreachais d'fhonn Éire a fhágáil in ann freastal ar an bhfás ar an éileamh ar leictreachas agus cuidiú le hathrú go dtí Margadh Uile-Oileáin agus Aon Mhargadh Eorpach sna blianta atá romhainn.

Maidir le cúrsaí inathnuachana, tharla roinnt nithe i rith na bliana 2003, cuid díobh de thoradh theacht i bhfeidhm roinnt treoracha de chuid an AE anseo, lena n-áirítear na Treoracha maidir le Trádáil Astaíochtaí, Stáisiúin Mhóra Dóite agus Uasteorainn Astaíochta Náisiúnta. Maidir le tionchar dháileadh chreidmheasanna gháis cheaptha teasa ar phraghas leictreachais faoin réim thrádáil astaíochtaí atá beartaithe, táim den tuairim gur chóir, d'fhonn go bhfeidhmeodh an margadh ginte mar is ceart agus d'fhonn na nithe is gá a chur ar a súile do thosaitheoirí nua, costaisí iomlána carbóin a bheith á gcur ar aghaidh. Ba cheart aon bhuntáiste amhantair do ghinteoirí atá ann cheana féin a chur ar ais san earnáil leictreachais. Creidim gur cheart go mbeadh de chumhacht ag an gCoimisiún, faoi réir ag an gcreat reachtaíochta ábhartha, suim suas go leibhéal aon bhuntáiste amhantair a ghearradh gach bliain ar na ginteoirí agus gur cheart an t-airgead a ghearrtar ar an gcaoi sin a úsáid d'fhonn táillí gréasáin a laghdú. Measaim gur fearr an cur chuige sin ná sciar an BSL den bhuntáiste amhantair a thógáil mar dhíbhinn.

I mí na Nollag, lorgaigh Greille Náisiúnta an BSL ceadú an Choimisiúin maidir le státchairde i leith cheangail bhreise gaoithe leis an ngréasán tarchuir agus dáilte. I rith na bliana 2004, beidh Greille Náisiúnta

an BSL ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún d'fhonn na ceisteanna maidir leis an státchairde a réiteach. Measann an Coimisiún gur gá aon srian ar chearta ghinteoirí tuirbín gaoithe ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchuir nó dáilte a bheith riachtanach agus i gcoimheas leis an mbaol a bheadh ann do sheasmhacht an chórais.

Maidir le gás nádúrtha, d'fháiltigh mé roimh an gcéad sruth tráchtála ó ghásréimse nua na Seacht gCeann go córas thalamh tirim na hÉireann via Inse i rith na bliana 2003, rud a chuirfidh bonn níos cinnte fós faoi sholáthar gáis na hÉireann. Chomh maith leis sin, fágfaidh tógáil Phíblíne an Iarthair, ar eisigh an Coimisiún Cead Oibrithe ina leith sa bhliain 2003, gás nádúrtha ar fáil i mbailte i lár tíre agus in iarthar na hÉireann den chéad uair riamh. D'eisigh an Coimisiún Cead Oibrithe freisin i leith an dara idircheanglóir, a tugadh chun críche sa bhliain 2002 agus a cuireadh sa siúl i mí Eanáir 2003. Meastar go bhfreastalaíonn an dá idircheanglóir ar 85% den éileamh bliantúil faoi láthair agus go gcuireann siad solúbthacht shuntasach, lena n-áirítear luascadh agus línephacáil, ar fáil i margadh na hÉireann.

Thug an Coimisiún athbhreithnithe iomlána chun críche i rith na bliana freisin maidir leis na riachtanais ioncaim do chórais tarchuir agus dáilte Bhord Gáis don chéad tréimhse iomlán athbhreithnithe 2003/4 – 2006/7. Rinneadh athbhreithniú agus cinntiú ar an struchtúr táillí Isteach Láithreach/Amach Postáilithe. Forbraíodh polasaithe ceangail maidir leis na córais tarchuir agus dáilte faoi seach d'fhonn a gcur i bhfeidhm ag aonad gnó iompair ábhartha Bhord Gáis. Tugadh athbhreithniú suntasach ar struchtúir an mhargaidh gáis chun críche d'fhonn creat níos oiriúnaí a aimsiú d'oibriú an mhargaidh san am atá romhainn agus sinn ag teannadh le lánoscailt ar an margadh. Chinn an Coimisiún chomh maith go gcuirfí córas Isteach/Amach maidir le sainmhíniú ar chearta acmhainne i bhfeidhm ar chóras tarchuir Bhord Gáis sa bhliain 2004. I measc athruithe eile a leanfaidh Isteach/Amach, beidh Sás Cothromaithe Bunaithe ar Thairiscint agus Cothromú Solúbtha níos glinne.

Maidir le soláthar an gháis nádúrtha, d'fhógair mé i mí Deireadh Fómhair go bhfuil an Coimisiún ag dul ar aghaidh leis an gcomórtas d'fhonn cearta saincheadúnaithe soláthróra a bhronnadh ar Ghaillimh (Órán Mór san áireamh), Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha Luain, Tulach Mhór (Clóirtheach san áireamh) agus an Muileann gCearr ó Phíblíne an Iarthair ó lár na bliana 2004 amach. Chomh maith leis sin, thug an Coimisiún an chead athbhreithniú ar tháillí miondíola Bhord Gáis chun críche, maidir leis an margadh insaothraithe agus na margaí neamh-insaothraithe ["saincheadúnaithe"] faoi seach. Tugadh isteach dá bharr sin an Fhoirmle Táille Rialáilte trínar bunaíodh, den chéad uair, sásra praghasála níos glinne agus níos réamh-intuartha lena úsáid ag Bord Gáis maidir le bunáite an mhargaidh insaothraithe.

Ag an am céanna le hathruithe i margaí fuinnimh i bPoblacht na hÉireann, chuir an tAire Dermot Ahern T.D. agus an tAire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Ian Pearson, M.P., borradh nua faoi fhorbairt mhargaidh fuinnimh uile-oileáin i rith na bliana 2003. Bunaíodh an Comhghrúpa Stiúrtha Uile-Oileáin, ar a bhfuil ionadaithe ón dá rialálaí (CER agus a leathpháirtí i dTuaisceart Éireann, Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh) agus ón dá Roinn Rialtais ar a bhfuil cúram i gcúrsaí fuinnimh (An Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i bPoblacht na hÉireann) i mí Iúil. Tá an Grúpa ag díriú faoi láthair ar roinnt réimsí mórthábhachtacha lena n-áirítear trádáil tras-teorann ar leictreachas, idirbheartaíocht agus comhshlánú maidir leis na córais leictreachais, forbairt ghréasán gáis uile-oileáin, comhordú ar bhearta rialála, athrú aeráide, astaíocht agus fuinneamh

inathnuaite agus polasaithe maidir le héifeacht fuinnimh.

Ar 11 Samhain 2003, bhunaigh Coimisiún na hEorpa Grúpa Rialálaithe na hEorpa maidir le leictreachas agus gás (EREG), d'fhonn feidhmiú ina ghrúpa comhairlitheach d'údaráis rialála náisiúnta neamhspleácha a chuideodh le Coimisiún na hEorpa ag buanú an Mhargaidh Inmheánaigh maidir le leictreachas agus gás. Ba cheart go háirithe go gcuideodh an grúpa, a fhágfaidh ardán trédhearcach ar fáil do chomhoibriú idir na húdaráis rialála náisiúnta agus idir na húdaráis sin agus Coimisiún na hEorpa, le cur i bhfeidhm chothrom sna BallStáit ar fad ar na treoracha nua leictreachais agus gáis ar glacadh leo le gairid agus ar an Rialachán nua maidir le malartú tras-teorann leictreachais. Trína chuid rannpháirtíochta in obair Chomhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa (CEER) agus Grúpa Rialálaithe na hEorpa maidir le Leictreachas agus Gás (EREG), leanfaidh an Coimisiún den chomhoibriú agus den chomhordú is gá d'fhorbairt mar ab áil ar aon mhargadh fuinnimh Eorpach.

Is mian liom a rá go leanann an Coimisiún agus go leanfaidh sé ag glacadh le scoth an chleachtais i réimse an rialaithe chorparáidigh agus a chuid feidhmeanna agus dualgais á gcomhlíonadh aige. I ndáil leis sin, tá sé tiománta do theacht sa bhliain 2004 agus ina dhiaidh sin don Chód Cleachtais do Rialú Comhlachta Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i mí Deireadh Fómhair 2001.

Deimhním leis seo nach bhfuil fostú, baint ná leas díreach agam in aon ghnó ginte leictreachais ná in aon ghnó tarchuir, dáilte nó soláthair leictreachais ná gáis nádúrtha, i mo pháirtí, infheisteoir, chomhairleoir ná ar aon bhealach eile. Agus i ndáil leis an tréimhse atá faoi chaibidil sa tuarascáil seo, níl aon leasa inchláraithe, mar a shonraítear sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ná san Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, de mo chuid féin, ná, dar eol dom, de chuid mo mhná ná mo chlainne, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt orm ag comhlíonadh fheidhmeanna mo phoist nó i ndáil lena gcomhlíonadh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do na heagraíochtaí, comhlachtaí agus daoine aonair a chaith am agus dúthracht le rannpháirtíocht i ngrúpaí comhairlitheacha éagsúla dár gcuid agus ag tabhairt a dtuairimí faoinár gcuid comhairleacháin i rith na bliana 2003. Táim féin agus mo chuid comhghleacaithe ar fad anseo ag an gCoimisiún ag tnúth le leanacht na hoibre sin i rith na bliana 2004.

Tom Reeves
An Coimisinéir um Rialáil Fuinnimh

Bearta Reachtaíochta

Tá an Coimisiún ag déanamh maoirsithe ar liobrálú na margaí gáis nádúrtha agus leictreachais in Éirinn atá ag dul ar aghaidh ar bhonn céimnithe d'fhonn margadh iomlán neamhshrianta a bheith ann faoi 2005. Tá tiomáint faoin tráthchlár liobrálaithe ag roinnt bearta reachtaíochta ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach.

DÍSHRIANÚ BREISE AR AN MARGADH GÁIS NÁDÚRTHA

Ar 26 Meitheamh 2003, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le Treoir 2003/55/EC maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach gáis nádúrtha agus ag cur Treoir 98/30/EC ar ceal. Glacadh na chéad chéimeanna cúramacha i dteo chruthú an mhargaidh inmheánaigh gáis nádúrtha le Treoir 98/30/EC, ach foráiltear sa dara treoir do na hathruithe struchtúir riachtanacha ar an gcreat reachtaíochta le tabhairt faoi na bacanna atá fós ann ar thabhairt an mhargaidh inmheánaigh chun críche.

Beidh dea-thionchar ar roinnt bealaí ag cur i bhfeidhm na treorach seo, faoi 1 Iúil 2004, ar mhargadh na hÉireann don ghás nádúrtha. Go sonrach, tugann an treoir níos mó cinnteachta maidir le díshrianú an mhargaidh agus éilítear go gcuirfí níos mó eolais faoin gcóras ar fáil do gach rannpháirtí sa mhargadh agus do thosaitheoirí nua a d'fhéadfadh a theacht isteach. Tá níos mó béime chomh maith ar chosaint don tomhaltóir maidir le trédhearcacht faoi shocruithe conartha ginearálta, eolas agus modhanna socraithe aighnis. Chomh maith leis sin, éilíonn an treoir go gcuirtear dóthain cosanta ar fáil do chustaiméirí leochaileacha go háirithe agus do chustaiméirí atá ceangailte leis an ngréasán gáis nádúrtha i gceantair iargúlta.

Leagtar amach roghanna sa treoir chomh maith maidir le nósanna imeachta i gcás rochtain d'áiseanna stórála. Féadann gach ballstát rochtain trí idirbheartaíocht nó trí rialáil ar sheirbhísí stórála a thairiscint, ag cur dá bharr leis an leachtacht sa mhargadh gáis nádúrtha agus ag cuidiú le cinnteacht soláthair. D'fhéadfadh go gcuirfidh Marathon a leithéidí de sheirbhísí stórála ar fáil do mhargadh na hÉireann ar theacht chun deiridh na socruithe díolta gáis atá leis i 2004/05.

CUR AR CHUMAS CHUSTAIMÉIRÍ ATHRÚ IDIR SOLÁTHRÓIRÍ GÁIS NÁDÚRTHA

De bharr Ordú Aire ar 22 Samhain 2002, íslíodh an íostomhailt cáilithe a ligfeadh do chustaiméir athrú idir seoltóirí/soláthróirí gáis nádúrtha ó 2 mhilliún go 0.5 milliún méadar ciúbach caighdeánach (181,000 teirm nó 5.3 GVu) in aghaidh na bliana ó 1 Eanáir 2003 ar aghaidh. Tá gach custaiméir a úsáideann gás nádúrtha chun críche ginte leictreachais ina theideal i gcónaí. Tá líon iomlán na gcustaiméirí gáis nádúrtha atá ina theideal in Éirinn os cionn 250 anois, agus is ionann sin agus timpeall is 88% den mhargadh gáis nádúrtha de réir toirte. Tá coinníoll le Treoir 2003/55/EC, go mbeadh gach tomhaltóir neamhtheaghlaigh i dteideal a seoltóir/soláthróir gáis nádúrtha a roghnú faoi 1 Iúil 2004.

TREORACHA DE CHUID AN AE & REACHTAÍOCHT CHOMHSHAOIL

Tháinig roinnt Treoracha de chuid an AE sa réimse comhshaoil a mbeidh tionchar suntasach acu ar an earnáil Ginte Cumhachta, lena n-áirítear na Treoracha maidir le Trádáil Astaíochtaí, Stáisiúin Mhóra Dóite agus Uasteorainn Astaíochta Náisiúnta, i bhfeidhm ó anuraidh. Rinne an Coimisiún comhairleachán gníomhach le rannpháirtithe sa mhargadh maidir le tionchar na mbearta sin.

ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA MAIDIR LE hATHRÚ AERÁIDE

Faoi Phrótacal Kyoto, d'aontaigh Éire le sprioc a chuirfeadh teorainn de 13% os cionn leibhéal na bliana 1990 lena cuid astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoin gcéad tréimhse tiomantais 2008-2012. Cuirtear creat ar fáil sa Straitéis Náisiúnta maidir le Athrú Aeráide

(SNAA) (2000) do bhaint amach na laghduithe is gá ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa le teacht lenár n-oibleagáidí faoi Kyoto. I mí Iúil 2003, rinne an Coimisiún aighneacht tráth an chéad athbhreithnithe gach re bliain ar an SNAA, a thionscnaigh an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Martin Cullen, T.D. Iniúchadh ar éifeachtúlacht go dtí seo na mbearta a shonraítear sa straitéis agus measúnú maidir leis an ngá a bheadh le haon bhearta breise d'fhonn teacht le sprioc Kyoto na hÉireann ab údar don athbhreithniú.

TREOIR TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ

Bunaítear faoin Treoir Trádála Astaíochtaí scéim do thrádáil astaíochtaí ghás cheaptha teasa ar fud an Chomhphobail do na tréimhsí 2005-2007 agus 2008-2012. Beidh srian ar thrádáil astaíochtaí ar dtús ach amháin i gcás astaíochtaí CO_2 ó ghníomhaíochtaí áirithe. Tá baint ag an treoir leis na gníomhaíochtaí fuinnimh seo a leanas:

a) Stáisiúin dóite le hinchur teasa ar ráta is airde ná 20 MV (ach amháin stáisiúin fuíllígh contúirtigh nó bardasaigh)

b) Scaglanna ola mianraí

c) Oighinn cóic.

Deimhníodh an Treoir ag an dara léamh i bParlaimint na hEorpa (30 Meitheamh go 3 Iúil 2003).

Bhí baint ag an gCoimisiún le forbairt an Phlean Náisiúnta Dála d'fhonn a chinntiú go dtagann an scéim le liobrálú na margaí fuinnimh agus go gcuirtear i bhfeidhm é ar an gcostas is lú is féidir ar an tomhaltóir. Is cás leis an gCoimisiún go mbeadh dáileadh cothrom ar sprioc Kyoto againn i measc earnálacha éagsúla, de réir phrionsabal 'chúiteamh an truaillitheora'. Is feasach an Coimisiún maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag trádáil astaíochtaí ar phraghsanna leictreachais agus ar chumas coimhlinte na tíre ar fad dá bharr sin. Cuireadh de chúram ar an ACC Plean Náisiúnta Dála a leagan amach de réir na Treorach.

Chinn an Rialtas an dáiliúchán cuí don chéim phíolóiteach den trádáil astaíochtaí (2005-2007).

Tugadh an chéad Phlean Náisiúnta Dála (don tréimhse trádála 2005-2008) chun críche taobh istigh den tráth a leagtar síos sa Treoir i.e. 31 Márta 2004. Chuir an Coimisiún a chuid tuairimí maidir leis an Dréacht-Phlean Náisiúnta Dála faoi bhráid an ACC ar an 10 Márta 2004, mar chuid den phróiseas comhairleacháin poiblí agus tá an Coimisiún ag meas an dearcaidh chuí i leith na gcostas sin agus an tionchar a mheastar a bheidh acu ar tháillí mórdhíola agus miondíola fuinnimh. Beidh a bhfoghlaimítear uaidh seo san áireamh sa dara Plean Náisiúnta Dála (i leith na tréimhse 2008-2012).

STRAITÉIS UASTEORANN ASTAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA (UAN), 2010

Sa bhliain 2003, thionscnaigh an Roinn Comhshaoil próiseas comhairleacháin ar "Straitéis Náisiúnta d'fhonn a theacht le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta na hÉireann faoin mbliain 2010", de réir na Treorach Uasteorainneacha Astaíochta Náisiúnta. Ba é údar an chomhairleacháin tuairimí seachtracha a lorg maidir le straitéis a fhorbairt faoi spriocanna na hÉireann don bhliain 2010 faoin Treoir Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (UAN) (2001/81/EC) agus Prótacal Gothenburg Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip 1999. Is iad na hastaíochtaí atá i gceist ocsaídí nitrigin (NO_x), dé-ocsaíd sulfair (SO_2), amóine (NH_3) agus comhdhúla so-ghalaithe orgánacha (CSO). Tarlaíonn astaíochtaí SO_2 agus NO_x de bharr ghineadh cumhachta agus dhó bhreoslaí iontaise. Bainfidh dúshlán ar leith leis an sprioc i leith Nox. Is féidir na spriocanna maidir le SO_2 a bhaint amach a bheag nó a mhór trí bhearta atá ann cheana féin nó a bheartaítear anois.

TREIOR STÁISIÚIN MHÓRA DÓITE

Rinneadh leasú ar an Treoir Stáisiúin Mhóra Dóite sa bhliain 2001. Ní mór do Stáisiúin Mhóra Dóite (SMD) (ionchur teirmeach os cionn 50MV) ceadúnas Rialaithe

Truaillithe Comhshlánaithe (RTC) a fháil ón ACC. Socraíodh uasteorainneacha náisiúnta iomlána faoi Threoir na bliana 1988 d'astaíochtaí na dtruailleán rialaithe (SO_2 agus NO_x) ó SMD. Ó 1992, éilíodh faoi dhlí na hÉireann go gcloífeadh gach stáisiún dóite nua a tháinig faoi réir cheadúnú RTC le luachanna teorann astaíochta (LTA) do SO_2 agus NO_x. Níor bhain na LTA a socraíodh sa bhliain 1992 le stáisiúin a bhí ann cheana féin, lena n-áirítear an chuid is mó de stáisiúin an BSL i.e. stáisiún a tógadh roimh Dheireadh Fómhair bliana 1992.

Socraítear LTA níos géire faoin Treoir SMD leasaithe do stáisiúin nua agus socraítear den chéad uair riamh LTA do stáisiúin atá ann cheana féin.

I gcás stáisiún a bhí ann roimh 1987 is féidir le BallStáit roghnú idir:

- A éileamh go dtagtar le teorainneacha do gach stáisiún faoi seach maidir le SO_2, NO_x agus cáithníní.
- Ligean do stáisiúin oibriú taobh istigh de Phlean Náisiúnta, ina gcuimseofaí ollsprioc iomlán do gach truailleán faoi seach a dtiocfaí leis ar bhonn náisiúnta seachas ar bhonn stáisiún na éagsúla ar leith.

Dá roghnaíodh sí an dara cur chuige, bhí de choinníoll ar Éirinn go gcuirfí Plean Náisiúnta faoi bhráid Choimisiún na hEorpa faoi Dheireadh Fómhair na bliana 2003.

STRAITÉIS NÁISIÚNTA MAIDIR LE HATHRÚ AERÁIDE – CÁIN CHARBÓIN

Ar an 31 Iúil 2003, sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Próiseas Comhairleacháin maidir leis an moladh go dtabharfaí isteach cáin fuinnimh charbóin. Beidh an cháin dírithe ar astaíochtaí CO2 a bhaineann le fuinneamh. Móin, gual, ola (lena n-áirítear peitreal agus díosal) agus gás nádúrtha na breoslaí is mó atá i gceist. Tá i gceist go mbaileofar an cháin ag an bpointe soláthair is túisce maidir leis na breoslaí agus go mbeidh a laghad is féidir de phointí bailiúcháin ann. Tugtar le tuiscint i bPáipéar Comhairleacháin na Roinne maidir leis an gceist, ina dhiaidh sin féin, go mbeidh díoluaine ón gcáin ag stáisiúin na a dtagann trádáil astaíochtaí i gceist leo (i.e. stáisiúin chumhachta).

SOCRUITHE NUA TRÁDÁLA DON LEICTREACHAS

Ar an 21 Iúil 2003, tháinig Ionstraim Reachtúil Uimh. 304 den bhliain 2003 An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 Rialacháin (Socruithe Margaidh Leictreachais) 2003 i bhfeidhm. Bunaítear córas nua trádála leictreachais faoi na rialacháin seo in áit an chórais trádála leictreachais atá ann faoi láthair. Comhchiste lárnach éigeantach a bheidh sa chóras nua trádála. Beidh ar gach ginteoir agus soláthróir, mura bhfuil faoiseamh ón bhforáil acu, leictreachas a cheannach agus a dhíol tríd an gcomhchiste. Foráiltear chomh maith sna rialacháin d'fhorbairt rialacha breise ag an gCoimisiún d'fhonn éifeacht a thabhairt don chóras nua trádála leictreachais.

BUNÚ EIRGRID

Ar 23 Iúil 2003, shínigh an tAire Ionstraim Reachtúil Uimh. 328 den bhliain 2003. Shínigh an tAire an I.R. seo ar 23 Iúil 2003. Tugtar faoi na rialacháin seo breis éifeachta dlíthiúil le Treoir Uimh. 96/92/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais, trí leasú a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach Leictreachais) 2000 (I.R. Uimh. 445 den bhliain 2000), d'fhonn foráil do cheapadh an chéad Phríomhfheidhmeannaigh ar EirGrid ag Stiúrthóirí na comhlachta agus d'fhonn éascú d'oibriú EirGrid mar Oibritheoir Chóras Tarchuir. Tá an Coimisiún buartha faoin mhoill a bhaineann le bunú EirGrid mar TCO agus áitítear ar na páirtithe ar fad aon deacrachtaí atá fós le scaoileadh a réiteach.

TEANNADH LE MARGADH UILE-OILEÁIN

Tá cruthú mhargaidh fuinniumh uile-oileáin le feidhm agus le coimhlint ann ar cheann de phríomhaidhmeanna an Choimisiúin. D'fhágfadh margadh uile-oileáin go raibh margadh fuinnimh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ann don cheannchustaiméir i gcomparáid le caomhnú an tsocraithe atá ann faoi láthair le dhá mhargadh éagsúla.

Tá an Coimisiún páirteach i gComhghrúpa Stiúrtha Uile Oileáin (CS), a bunaíodh i mí Iúil na bliana 2003, d'fhonn maoirsiú a dhéanamh ar chomhoibriú maidir le margadh fuinnimh uile-oileáin a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Tá ionadaithe ar an ngrúpa ón gCoimisiún agus Ofreg, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann.

Is iad seo a leanas na réimsí mórthábhachta:

- Trádáil leictreachais tras-teorainn;
- Idirbheartaíocht agus iomlánú maidir leis na córais leictreachais;
- Gréasán gáis uile-oileáin;
- Comhordú ar bhearta rialála;
- Athrú aeráide, astaíocht agus fuinneamh inanuaite; agus
- Polasaithe maidir le héifeacht fuinnimh.

Leanfaidh an Coimisiún den obair lena cuid páirtithe ar mhaithe le margadh fuinnimh éifeachtach uile-oileáin a chruthú.

REACHTAÍOCHT NUA AGUS AN TEANNADH LE HAON MHARGADH FUINNIMH EORPACH

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le Treoir 2003/54/EC maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais agus ag cur Treoir 96/92/EC ar ceal, ar 26 Meitheamh 2003.

Beidh an dá Threoir, 2003/54/EC agus 2003/55/EC, maidir le margaí inmheánacha leictreachais agus gáis nádúrtha faoi seach i bhfeidhm i ngach ballstát ó Iúil 2004 ar aghaidh. Leanfaidh an Coimisiún den obair cheangail, nuair is cuí, leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an reachtaíocht náisiúnta is gá á dréachtadh leis na treoracha seo a shuíomh i ndlí na hÉireann faoi mhí Iúil 2004.

Beidh feidhm go díreach i ngach ballstát le Rialachán Eorpach maidir le malartú trasteorann ar leictreachas. Trína rannpháirtíocht i mbearta oibre Chomhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa (CEER) agus Grúpa Rialálaithe na hEorpa maidir le Leictreachas agus Gás (EREG), leanfaidh an Coimisiún den chomhoibriú agus den chomhordú rialálach is gá d'fhorbairt mar ab áil ar aon mhargadh fuinnimh Eorpach.

CEER

Tá an Coimisiún ina bhall den Chomhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa (CEER), cónaidhm de rialálaithe fuinnimh Eorpacha a chuireann an comhoibriú agus an comhordú i measc rialálaithe chun cinn ar mhaithe le haon mhargaí fuinnimh Eorpacha. I rith na bliana 2003, bhí an Coimisiún páirteach chomh maith i bpróisis Florence agus Mhaidrid, ar fora pléite iad a bhunaigh Coimisiún na hEorpa d'fhonn na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad maidir le cruthú na margaí inmheánacha gáis nádúrtha agus leictreachais faoi seach a thabhairt le chéile. Ag eascairt as cinneadh Choimisiún na hEorpa le gairid (11 Samhain 2003) Grúpa Rialálaithe na hEorpa maidir le Leictreachas agus Gás (EREG) a bhunú, beidh an Coimisiún ag obair i bpáirt le Coimisiún na hEorpa agus rialálaithe Eorpacha eile, tríd an eagras sin. Is ar chur chuige maidir le margadh réigiúnach atá a bhfuil i ndán go meántéarmach i súile Choimisiún na hEorpa do chruthú mhargaidh inmheánaigh leictreachais bunaithe.

1. "Strategy Paper-Medium Term Vision for the Internal Electricity Market" An Coimisiún Eorpach, Márta 2004

Rialáil Mhargadh Athraitheach Gáis na hÉireann

Tháinig roinnt athruithe tábhachtacha structúir agus rialála ar mhargadh gháis nádúrtha na hÉireann i rith na bliana 2003 a dhéanfaidh tuilleadh spreagtha agus áisiúlachta don choimhlint sa mhargadh.

Socruithe Margaidh

RIALACHA & NÓSANNA IMEACHT AN MHARGAIDH

D'oibrigh an Coimisiún i gcomhar leis an tionscal le rialacha agus nósanna imeachta, lena n-áirítear socruithe teicniúla agus tráchtála, a fhorbairt don mhargadh mar ullmhúchán do neamhshrianú iomlán an mhargaidh sa bhliain 2005.

I mí Bealtaine 2003, bunaíodh Grúpa Oibre Dhíshrianú an Mhargaidh Gáis (GODMG), grúpa athbhreithnithe neamhspleách a dhéanann moltaí leis an gCoimisiún maidir leis na próisis tionscail is gá d'fhonn coimhlint iomlán a thabhairt isteach maidir le soláthar gáis nádúrtha i margadh na hÉireann i rith na mblianta 2004 agus 2005. Tá ionadaithe ar an GODMG, atá faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, ó aonaid gnó neamhspleácha Bhord Gáis, seoltóirí/soláthróirí ceadúnaithe agus tosaitheoirí a d'fhéadfadh a theacht isteach sa mhargadh.

Tá an bhéim sa GODMG ar a chinntiú go dtacóidh na próisis tionscail a bheartaítear don mhargadh neamhshrianta le riachtanais an mhargaidh choimhlinte atá ag teacht chun cinn ar bhealach atá inoibrithe, praiticúil, cóir, trédhearcach agus ciallmhar ó thaobh costais do gach rannpháirtí agus do gach rannpháirtí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Go hachomair, is é ról an Ghrúpa Oibre:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacha an Mhargaidh agus ar an gCreat Rialála
- Tionscnaimh chuí a mheas agus a mholadh le leas na gcustaiméirí beagthomhailte agus meántomhailte a chosaint nuair a thagann neamhshrianú iomlán an mhargaidh isteach
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na Próisis agus ar na Nósanna Imeachta a thagann ó na moltaí
- Maoirsiú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir leis an dul chun cinn i leith chur i bhfeidhm an díshrianaithe iomlán ar an margadh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phrionsabail maidir le socruithe Tráchtála agus Teicniúla

I mí Lúnasa 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún, ar mhaithe le comhairleachán, na moltaí agus na bearta inmholta a fuarthas ón ngrúpa seo. D'aontaigh an Coimisiún leis na moltaí seo agus d'fhoilsigh sé iad. Bhí siad ina dhiaidh sin mar bhunús le forbairt nósanna imeachta agus rialacha mionsonraithe le bonn daingean a chur faoi dhíshrianú an mhargaidh. Rinneadh tuilleadh forbartha ina dhiaidh sin arís ar na nósanna imeachta agus na rialacha gur cruthaíodh próisis gnó, a bheidh ina gcreat d'fhorbairt na gcóras is gá le tacú le díshrianú iomlán an mhargaidh.

SOCRUITHE IOMPAIR GÁIS

Tharla bearta suntasacha maidir le socruithe iompair gáis nádúrtha anseo i rith na bliana 2003. D'fhorbair an Coimisiún roinnt moltaí, i gcomhairle le Grúpa Comhairleach an Mhargaidh Gáis, grúpa de chuid an tionscail ar a bhfuil ionadaíocht ó gach lúb i slabhra soláthair an gháis, d'fhonn cuidiú le solúbthacht i réimsí acmhainne, cothroime, ainmniúcháin agus seirbhísí iompair. Ar mhaithe le feabhas ar sholúbthacht agus éifeachtacht sa mhargadh gáis nádúrtha na moltaí seo. Ar an mbeart ba shuntasaí, threoraigh an CER do Bord Gáis Transmission réimeas isteach-amach a fhorbairt maidir le sainléiriú acmhainne.

ISTEACH-AMACH

Tugtar sainléiriú ar acmhainn tarchuir faoi láthair ar bhonn log go log. Ciallaíonn sin go gcaitear an log ag a rachaidh gás nádúrtha isteach sa chóras

tarchuir agus an log ag a dtiocfaidh an gás nádúrtha amach as an gcóras a shonrú i ngach conradh le Bord Gáis maidir le iompar gáis nádúrtha.

Faoin réimeas isteach-amach atá beartaithe, a thiocfaidh i bhfeidhm ag tús na bliana gáis ar 1 Deireadh Fómhair 2004, bristear an ceangal idir isteach agus amach, rud a thabharfaidh de sholúbthacht do na seoltóirí (iad siúd a n-iompraíonn Bord Gáis gás nádúrtha ar a son) gás nádúrtha a iompar ó aon phointe ar leith isteach sa chóras tarchuir go dtí pointe ar bith amach, nó ar an taobh eile den scéal, go dtí pointe áirithe amach ó aon phointe isteach.

FOILSIÚ EOLAIS FAOIN gCÓRAS

Tá de choinníoll le Treoir an AE 2003/55/EC go gcuirfeadh oibritheoirí chórais tarchuir sna ballstáit an t-eolas is gá do rochtain éifeachtach don chóras ar fáil d'úsáideoirí an chórais. Rinne an Coimisiún coimhairleachán i rith na bliana le rannpháirtithe de chuid an mhargaidh maidir leis an leibhéal eolais is gá le soirbhiú do rochtain éifeachtach don chóras iompair. I rith na bliana 2004, treoireoidh an Coimisiún don Iompróir eolas córais níos cuimsithí a chur ar fáil do rannpháirthe de chuid an mhargaidh ó Dheireadh Fómhair 2004 ar aghaidh.

CÓD OIBRIÚCHÁIN NUA

Is sainléiriú é an Cód Oibriúcháin Tarchuir ar an gcaidreamh idir Seoltóirí agus Tarchur Bord Gáis ina bhfuil cur síos ar chearta agus freagrachtaí an dá pháirtí a bhfuil baint acu le hiompar gháis nádúrtha trí chóras tarchuir Bhord Gáis. Níl a leithéid de chód oibriúcháin don ghréasán dáilte ann faoi láthair. Tá socruithe ann ar bhonn eatramhach maidir le hiompar gháis nádúrtha tríd an gcóras dáilte. Thosaigh na socruithe eatramhacha sin i mí Deireadh Fómhair na bliana 2002 agus leanfaidh siad go dtí mí Meán Fómhair 2004.

Sa bhliain 2003, mhol Bord Gáis go dtabharfaí isteach Cód Oibriúcháin Iomlán a bheadh ina bhunús le Rochtain an Treas Páirtí don chóras tarchuir agus don chóras dáilte. I rith an chéad leath den bhliain 2004, forbróidh an Coimisiún cód oibriúcháin nua, i gcomhar le Bord Gáis agus an tionscal, agus cuirfear i bhfeidhm é roimh mí Mheitheamh 2004. Beidh na rialacha agus próisis atá á bhforbairt i fora eile mar chuid de na socruithe nua don mhargadh gáis arna gcuimsiú sa chód iomlán seo.

GRÚPA CUR I bHFEIDHM AN MHARGAIDH GÁIS

I mí Eanáir 2003, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Cur i bhFeidhm an Mhargaidh Gáis (GCFMG), le maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpróiseas gnó a shocraíonn an GODMG agus ar an athrú ar an réimeas isteach/amach. Is í an aidhm atá le hobair an GCFMG, ligean do pháirtithe leasmhara (Seoltóirí, Soláthróirí, Aonaid Ghnó taobh istigh de Bhord Gáis) a bhfuil baint acu leis na cláir athchóirithe rialála atá ar siúl, pleanáil, eagrú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhartha taobh amuigh de phlé agus chomhairleachán ar chúrsaí chuma an mhargaidh agus mar chur i láthair phróiseas cinnte an Choimisiúin.

Rialáil ar an Eagras atá ar an bhFód sa Mhargadh Athraitheach

DEALÚ GNÓ

Ní mór dealú gnó éifeachtach idir gnó soláthair Bhord Gáis agus na haonaid ghnó iompair d'fhonn a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail is gá do dhíshrianú éifeachtúil ar an margadh, lena n-áirítear rochtain chóir d'eo, glanadh bhacanna ar thosú sa mhargadh, trédhearcacht agus cothrom na Féinne do thosaitheoirí nua, a bheidh ina bhuntáiste ag tomhaltóirí i ndeireadh na dála. Beidh an réimeas ceadúnaithe agus comhlíonta gáis a leagtar amach níos faide síos sa tuarascáil seo, mar bhonn ag dul chun cinn amach anseo maidir le dealú struchtúir agus gnó.

OIBRITHEOIR CHLÁRAITHE PHOINTE GÁIS EATRAMHACH (OCPGE)

Mar chuid den sruth oibre maidir le dealú gnó, bunaíodh an tOibritheoir Chláraithe Phointe Gáis eatramhach (OCPGe) mar eintiteas scoite ann féin taobh istigh de Aonad Gnó Dáilte Bhord Gáis. Déanann an tOCPGe áisiúlacht do chustaiméirí cáilithe ar mian leo soláthróir a athrú. Tá de chúram ar an OCPGe seirbhís tacaíochta mhargaidh slán, rúnda a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh i réimsí na Rochtaine Treas Pháirtí, tomhais agus rochtain d'eolas stairiúil.

Fanfaidh na socruithe scoite eatramhacha don OCPGe, maidir le hinfrastruchtúr TE slán agus áitribh ar leith, mar atá go mbunaítear OCPG buan faoi réir théarmaí an cheadúnais Tarchuir leasaithe, a fhoirfeofar go luath sa bhliain 2004.

Ioncaim agus Táillí Gáis

RIALÁIL AR THÁILLÍ I MARGADH CHOIMHLINTE

Tá cúram ar an gCoimisiún faoin Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002, maidir le rialáil na dtáillí i margadh gháis nádúrtha na hÉireann, ina measc:

- Táillí maidir le rochtain do chórais tarchuir agus dáilte Bhord Gáis agus a n-úsáid ag seoltóirí/soláthróirí, atá ceadúnaithe chun gás nádúrtha a sheoladh/sholáthar chuig/le custaiméirí gáis nádúrtha, Bord Gáis Energy Supply san áireamh.
- Táillí maidir le seoladh/soláthar gáis nádúrtha ag Bord Gáis Energy Supply chuig/leis an margadh cáilithe agus neamhcháilithe araon
- Táillí maidir le Ceangal leis na Córais tarchuir agus dáilte

ATHBHREITHNIÚ AR THÁILLÍ TARCHUIR AGUS DÁILTE

I rith na bliana 2003, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an riachtanas ioncaim do na córais tarchuir agus dáilte, chomh maith le struchtúr na dtáillí d'úsáid an chórais tarchuir. Ba é aidhm an athbhreithnithe ar na táillí, táillí maidir le húsáid tarchuir an chórais a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm, a chothóidh éifeachtacht in úsáid na ngréasán gháis nádúrtha chomh maith le hinfheistíocht iontu, coimhlint agus cothroime. Socraíodh na riachtanais ioncaim agus na táillí tarchuir agus dáilte i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2003 faoi seach agus threoraigh an Coimisiún do Bhord Gáis na táillí a chur i bhfeidhm ar 1 Deireadh Fómhair don bhliain gáis 2003/2004.

Tá an Coimisiún ag tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar struchtúr na dtáillí dáilte faoi láthair chomh maith. Tá rún ag an gCoimisiún táille dáilte leasaithe a chur i bhfeidhm faoi thús na hathbhliana gáis 2004/05.

TÁILLÍ SOLÁTHAIR GÁIS

I rith an chéad ráithe den bhliain 2003, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar tháillí Bhord Gáis Energy Supply leis an margadh cáilithe agus neamhcháilithe ('saincheadaithe') araon. Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar chostais soláthair agus oibriúcháin Bhord Gáis Energy Supply, chomh maith le dáileadh na gcostas sin ar fud na réimsí custaiméara.

I mí Aibreaín, d'fhoilsigh agus cheadaigh an Coimisiún moladh ó Bhord Gáis maidir le soláthar gáis nádúrtha do gach custaiméir cáilithe a dhéanann tomhailt ar idir 0.5 milliún méadar ciúbach caighdeánach ("mcc") (181,000 teirm nó 5.3 GVu) agus 25 mcc (9,000,000 teirm nó 264 GVu) in aghaidh na bliana ar bhonn Fhoirmle Tháille Rialaithe ("FTR"). Tá an FTR leagtha amach sa chaoi is go gcinntítear go dtairgeofar praghas margaidh trédhearcach amháin ó Bhord Gáis do na custaiméirí sin ar fad den chéad uair agus ag déanamh áisiúlachta ar an gcaoi sin ar sholáthar thairiscintí i

gcomhlint leis sin ó sholáthróirí gáis nádúrtha nua agus ar chomparáid eatarthu. Tharla ardú/ísliú praghsanna de bharr chur i bhfeidhm an FTR ar 1 Aibreán 2003 ag braith ar an gconradh áirithe a bhí ag an gcustaiméir ábhartha.

Tá athbhreithniú tosaithe ag an gCoimisiún le gairid ar tháillí soláthair gáis, lena n-áirítear a struchtúr agus a gcur i bhfeidhm, atá ar fáil faoi láthair i margaí saincheadaithe agus sa mhargadh FTR ("cáilithe"). Tabharfar an t-athbhreithniú sin chun críche faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2004, agus tabharfar isteach táillí nua, más cuí sin, ó 1 Deireadh Fómhair 2004 ar aghaidh.

Eachtraí eile sa Mhargadh

COMÓRTAS SHOLÁTHAR GÁIS

I mí na Samhna 2003, d'iarr an Coimisiún ráitis suime agus fuarthas cúig cinn sa chomórtas do chearta soláthair sa mhargadh saincheadaithe gáis do cheantair na Gaillimhe (Órán Mór san áireamh), Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha Luain, Tulach Mhór (Clóirtheach san áireamh) agus an Muileann gCearr, a bhfuil súil go gceanglófar leis an ngréasán gáis iad i rith na bliana 2004/2005.

Tá tosaithe ag an gCoimisiún anois ar phróiseas comórtais foirmeálta do bhronnadh na gcearta saincheada trí bhithin Ordú a dhéanamh faoi Alt 2(1) den Acht Gáis (Leasú), 1987 (arna leasú). Meastar go mbeidh an soláthróir nua ar an bhfód faoi shamhradh na bliana 2004 agus go leanfaidh an sainchead aige go dtí Iúil 2005 ar a luaithe. Ar a iarraidh ag an gCoimisiún, tá an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag smaoineamh ar shocruithe a dhéanamh le go leanfadh an sainchead go dtí Iúil 2006.

RÁITEAS ACMHAINNE GÁIS

I mí Lúnasa 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún an chéad Ráiteas Acmhainne Gáis aige tar éis comhairleacháin mhion le rannpháirtithe sa mhargadh. Tuartar an t-éileamh a bheidh ag custaiméirí ar ghás nádúrtha agus na riachtanais acmhainne gaolmhara i gcóras gháis nádúrtha na hÉireann ar feadh tréimhse seacht mbliana sa Ráiteas Acmhainne Gáis 2003.

Tosóidh an Coimisiún an obair ar an dara Ráiteas Acmhainne Gáis aige go gairid. Cuirfidh an Ráiteas Acmhainne sin leis an obair ar Ráiteas na bliana 2003 agus faisnéis mhargaidh níos deireanaí a fuarthas le bliain anuas arna chuimsiú ann.

SÁBHÁILTEACHT GÁIS

De réir an Achta um Rialáil Gáis (Eatramhach), 2002, tá cúram ar an gCoimisiún maidir le caighdeáin a chur in iúl do Bhord Gáis Éireann chomh maith lena chúram maidir le imscrúduithe a chur ar bun i leith eachtraí sábháilteachta gáis inthuairiscithe agus le cur i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn óna leithéidí d'imscrúduithe. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún (trína ról maidir le ceadú do thógáil agus oibriú phíblínte gáis agus a ról maidir le ceadúnú ghnóthais gáis nádúrtha) ag cur réimeas rialála cuí i bhfeidhm maidir le tógáil agus oibriú phíblínte gáis nádúrtha agus gníomhartha gaolmhara, ar a n-áirítear soláthar agus seoladh gháis nádúrtha. Tá comhairleachán déanta ag an gCoimisiún maidir lena mholtaí i leith réimeas cheadúnaithe a chuirfí i bhfeidhm i gcás ghnóthais gháis nádúrtha, lena n-áirítear forálacha do rialáil maidir le sábháilteacht in obair ghnóthais dá leithéidí.

Rinne an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha caidreamh leis an gCoimisiún maidir leis na leasuithe ba ghá ar an gcreat rialála sábháilteachta i bhfianaise na n-athruithe faoi láthair ar mhargadh gháis nádúrtha na hÉireann agus na hathruithe a thuartar air. Tá an Roinn ag moladh leasuithe go gairid ar an reachtaíocht gáis atá ann ina

dtabharfar aird ar na leasuithe a mholtar ar an gcreat rialála shábháilteacht gháis nádúrtha. Nuair atá an reachtaíocht sin cinntithe (tar éis chomhairleacháin ar an ngnáthbhealach), foilseoidh an Coimisiún a chuid moltaí maidir le cur i bhfeidhm mionsonraithe ar an gcreat rialála sábháilteachta nua.

EACHTRAÍ SÁBHÁILTEACHTA GÁIS I RITH NA BLIANA 2003

Tharla roinnt eachtraí tromchúiseacha maidir le sábháilteacht gáis nádúrtha i rith na bliana 2003. Rinneadh imscrúdú maidir le gach cás acu (agus nuair ba chuí sin, shocraigh an Coimisiún go gceapfaí imscrúdaitheoir neamhspleách) agus tugadh tuarascáil don Choimisiún maidir le nádúr agus cúis na heachtra chomh maith le moltaí a d'eascair ón imscrúdú.

Tá Coiste Sábháilteachta Gáis bunaithe ag an gCoimisiún a bhfuil d'fheidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar gach tuairisc eachtra, moltaí ag eascairt ó imscrúduithe ar eachtraí a dhéanamh agus a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí. Is é an príomhchúram a bheidh air, cur chuige forbheartach, réamhchúraim, réamhsheachantach a bheith aige maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus úsáid an gháis nádúrtha go sábháilte a chinntiú.

D'eascair roinnt eachtraí gháis nádúrtha i rith na bliana 2003 ó nimhniú aonocsaíde charbóin i dtithe cónaithe agus bhí gortú tromchúiseach nó an bás mar thoradh léanmhar ar chuid acu. Rinneadh imscrúdú iomlán ar na heachtraí sin agus cinneadh gur eascair na cúiseanna a bhí leis na heachtraí ó threalamh/fhearas gáis nádúrtha a chur isteach, a chothabháil, a leasú nó a úsáid ar bhealach mícheart sa teach. Tá an Coimisiún, tríd an gCoiste Sábháilteachta Gáis, ag iarraidh cur le tuiscint an phobail ar an ngá atá lena chinntiú go ndéantar gach fearas gáis nádúrtha a chur isteach, a chothabháil agus a oibriú ar bhealach sábháilte agus a shoiléiriú gur ar an gceannchustaiméir atá an dualgas a chinntiú go bhfuil sé sábháilte gach fearas gáis nádúrtha sa teach a oibriú.

Cinntiú an tSoláthair Leictreachais le Freastal ar an Éileamh Méadaithe

Tá méadú suntasach ar thomhailt leictreachais ó bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 1999 de bharr fhorás leanúnach na heacnamaíochta in Éirinn. Thug Greille Náisiúnta an BSL faoi deara, sa Tuarascáil Dóthain Ginte (2003-2009), gannchion suntasach ghinte ó 2003 go dtí 2009 de réir mar atá an t-éileamh ar leictreachas a thuartar ag fás i gcónaí (tuairim is 3.5% p.a. ar feadh na tréimhse). D'aithin Greille Náisiúnta an BSL gannchion sa ghineadóireacht leictreachais de timpeall is 150MV i 2003, 300MV sa bhliain i 2004 agus i 2005, ag ardú go dtí 360MV i 2006 agus ag ardú arís sna blianta dár gcionn.

Ó tharla go dtógann sé ar a laghad dhá bhliain stáisiún ginte nua a thógáil, chuir an Coimisiún tús le roinnt tionscnamh ar thaobh an éilimh agus ar thaobh na ginte d'fhonn déileáil leis an nganntan a thuartar i dtuarascáil Ghreille Náisiúnta an BSL. Tá bearta bainistithe ar thaobh an éilimh, ardú ar an importáil as Tuaisceart Éireann agus acmhainn buaicéilimh breise a chur isteach ar na tionscnaimh sin.

BAINISTIÚ AR THAOBH AN ÉILIMH

Ghlac an Coimisiún leis na bearta seo a leanas i rith na bliana 2003 d'fhonn déileáil leis an gcás:

- Scéim Laghdú Bhuaicéilimh Geimhridh (SLBG)
- Tionscnamh Laghdú Éilimh Geimhridh (TLEG)
- Power Save
- Táillí Inbhriste

Sheol an Coimisiún, i gcomhar le Greille Náisiúnta an BSL, an SLBG i mí na Samhna agus lean sé go dtí mí Feabhra 2004. Tugann an SLBG buntáiste do chustaiméirí as an ualach a laghdú i rith tréimhse soláthair idir 17.00 agus 19.00 ar laethanta oibre.

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar na scéimeanna údaraithe agus leanfar ag measúnú na riachtanas sin san am atá romhainn maidir le scéimeanna bainistithe ar thaobh an éilimh.

ARDÚ AR AN IOMPÓRTÁIL Ó THUAISCEART ÉIREANN

I rith na bliana 2003, rinne BSL conradh le Northern Ireland Electricity le acmhainn 167MV a cheannach ó stáisiún ginte Bhaile an Longfoirt i gContae Aontroma ó 2003 go dtí 2006. Tharla an chéad sruthú cumhachta an 28 Lúnasa 2003.

ACMHAINN BUAICÉILIMH BREISE 2003/4

D'úsáid an BSL ginteoirí buaicéilimh i rith ráithe deiridh na bliana 2003 le freastal ar bhuaicéilimh sa chóras. Fuair an BSL soláthar acmhainn buaicéilimh breise trí Supplyline, córas an BSL le trealamh ginte sealadach a sholáthar. Beidh an acmhainn buaicéilimh breise seo le fáil de réir mar is gá go dtí go mbíonn na stáisiúin ghinte nua ar socraíodh conradh/conarthaí mar gheall orthu leis an BSL trí chomórtas acmhainne 2005 ag obair.

COMÓRTAS ACMHAINNE 2005

I mí Feabhra 2003, d'fhógair an Coimisún go raibh rún aige comórtas a reachtáil d'fhonn áisiúlacht a dhéanamh do stáisiúin ghinte nua neamhspleácha ag tosú sa mhargadh. I mí Aibreáin 2003, foilsíodh treoirlínte maidir leis an

gcomórtas ag iarraidh ar dhaoine/eagrais ráiteas suime sa chomórtas a chur faoi bhráid dá bhféadfadh go mbeidís ag déanamh tairisceana. Fuair an Coimisiún ráiteas bailí suime ó sheacht nginteoir a raibh suim acu tairiscint a dhéanamh sa chomórtas le hacmhainn iomlán ginte de 2,185 MV.

Bhí an lucht tairisceana i gcoimhlint lena chéile maidir le conarthaí ar bhonn praghas, tar éis dóibh na bunriachtanais cháilithe, lenar háiríodh critéir theicniúla, airgeadais agus rialála, a shásamh.

I mí na Nollag, d'fhógair an Coimisiún gur éirigh Aughnish Alumina Ltd agus le Tynagh Energy Joint Venture sa chomórtas. Tá acmhainn iomlán os cionn 500 MV faoi chonradh leis an dá stáisiún nua ghinte neamhspleácha seo.

Táthar ag tuar dátaí oibre tráchtála de mhí na Nollag 2005 do stáisiún 150 MV Teasa agus Cumhachta Aughnish Alumina in Eas Géitinne, Co. Luimnigh agus mí Feabhra na bliana 2006 do stáisiún 404 MV Tynagh Energy Joint Venture i Tynagh, Co. na Gaillimhe do na stáisiún ghinte nua. Tá comhaontú idir an dá ghinteoir faoi seach agus an Coimisiún (comhaontú chur i bhfeidhm). Is é údar na gcomhaontuithe seo a chinntiú go ndéantar monatóireacht mar is cóir ar thógáil na stáisiún agus go mbeidh an dá stáisiún ag obair de réir sonraí agus tráthchlár aontaithe an Choimisiúin.

TCNS4

Fágann ceantanna TCNS ('Táirgeoirí Cumhachta Neamhspleácha Samhalta'), ar eagraíodh an chéad cheann acu sa bhliain 2001, foinse cumhachta ag soláthróirí neamhspleácha le díol le custaiméirí cáilithe. Is í aidhm cheantanna dá leithéid, cur leis an gcoimhlint sa soláthar chomh maith le ginteoirí nua a mhealladh isteach sa mhargadh agus meastar gur den ríthábhacht iad le go mbeadh dea-thoradh ar an gcoimhlint miondíolaíochta.

Eagraíodh an ceathrú ceant TCNS ar 8 Deireadh Fómhair 2003. Mar gheall ar a laghad glaoch a bhí ar na roghanna dearfa sa cheant sin, tá an Coimisiún ag déanamh athbhreithnithe ar an earra le ESB Power Generation agus le soláthróirí d'fhonn athrú ina chuma a chur ar an earra ionas go mbeadh sé níos tarraingtí san am atá romhainn.

Idircheangal

Nuair atá Éire agus an Eoraip ag teannadh le haon mhargadh Eorpach, cuideoidh méadú ar an idircheangal idir na córais tarchuir i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe le freastal ar an éileamh méadaithe ag custaiméirí ar leictreachas.

NASC THUAIDH-THEAS

Tugann idircheangal le Tuaisceart Éireann, agus dá réir sin le hAlbain, soláthar breise leictreachais d'Éirinn chomh maith le méadú sna deiseanna trádála agus sin ar fad ina bhuntáiste ag an gceannchustaiméir. Is acmhainn 333MV atá ar fáil do shruthanna tráchtála aduaidh tríd an nasc faoi láthair. I rith na bliana 2003, d'oibrigh an Coimisiún i gcomhar leis na hOibritheoirí Córais Tarchuir (OCT), Greille Náisiúnta an BSL agus SONI, agus le rialálaí Thuaisceart Éireann, Ofreg, maidir le forshuíomh ar an nasc leictreachais Thuaidh-Theas. Baineann cúiteamh sruthanna de réir conartha sa dá threo tríd an nasc le forshuíomh ionas nach gá de shruth fisiciúil ach an tsuim ghlan. Fágann sin gur féidir trádáil tras-teorann is mó ná acmhainn fisiciúil an naisc. D'aontaigh an Coimisiún freisin le Nós Imeachta Aontaithe 06, ina bpléitear le dáileadh na mbearta tráchtála agus ina gceadaítear d'fhorshuíomh ó Aibreán 2003 ar aghaidh, agus d'fhoilsigh sé é. Agus seo á scríobh, tá na OCT ag déanamh measúnaithe in éineacht ar an argóint i bhfábhar infheistíochta i nasc níos mó idir an dá chóras agus táthar ag súil le moltaí maidir leis sin go gairid.

NASC SOIR-SIAR

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar ar chostais agus bhuntáistí le nasc Soir-Siar idir na córais tarchuir in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Rinne DKM Economic Consultants an staidéar thar ceann an Choimisiúin. Tháinig an staidéar tar éis staidéar féidireachta bhoird oifige a rinne Greille Náisiúnta an BSL agus National Grid (UK). Ba é cuspóir CER i staidéar DKM, measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna eacnamaíochta go ginearálta a bheadh le hidircheangal Soir-Siar ó thaobh leasa fadtéarmacha an tomhaltóra Éireannaigh de. Mhol na húdair go dtacódh an Coimisiún le staidéar féidireachta maidir le nasc Soir-Siar agus go measfaí moltaí maidir le nasc rialáilte seachas nasc tráchtála.

I mí na Nollag, chinn an Coimisiún go gcuirfeadh sé idircheangal Soir-Siar chun cinn, tar éis an dá thuairisc a mheas chomh maith leis an argóint ghinearálta eacnamaíochta ó thaobh polasaí uileghabhálach fuinnimh de. Creideann an Coimisiún go mbeadh buntáiste glan fadtéarmach ag tomhaltóir na hÉireann as an nasc, go háirithe i dtéarmaí deimhniú cinnteacht an tsoláthair leictreachais, cothú na coimhlinte agus cuidiú le slánú na hÉireann i margadh fuinnimh níos fairsinge. Tá sin curtha in iúl ag an gCoimisiún don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

I rith na bliana 2004, beidh an Coimisiún ag obair le forbairt nasc tráchtála a chur chun cinn mar a d'iarr an tAire. Sa chás nach ndéantar idircheangal ar bhonn tráchtála, cuirfidh an Coimisiún chuig comórtas tairisceana a eagrú maidir le tógáil, bainistiú agus úinéireacht ar nasc rialailte.

Forbairt agus Rialáil Ghréasán Leictreachais na hÉireann

Mar gheall ar nádúr nádúrtha mhonaplachta ghnó na ngréasán, is gá don CER seasamh bríomhar rialála a ghlacadh i leith oibriú, chothabháil agus fhorbairt ghnó na ngréasán. Ba príomhaidhm ag an CER i rith na bliana 2003, a leanfar de i rith 2004, polasaithe agus deismireachtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an gcustaiméir leictreachais, a chuirfidh le héifeachtacht agus cothroime maidir le rochtain an treas páirtí do na gréasáin dáilte agus tarchuir.

CLÁR LUATAITHE GRÉASÁIN

Go mall sa bhliain 2002, lorgaigh ESB Networks ceadú an CER le luathú na hinfheistíochta is gá le hathchóiriú agus feabhsú a dhéanamh ar an ngréasán dáilte. Bhí €369 milliún de chaiteachas caipitil agus €18 milliún de chaiteachas oibreachais níos mó ná a ceadaíodh san Athbhreithniú maidir le Praghas Dáilte 2001-2005 i gceist leis an aighneacht. Ar mheas na haighneachta dó, bhí an Coimisiún den tuairim nach dtiocfadh an bhainistíocht is éifeachtaí ar acmhainní agus ar chaiteachas le linn na tréimhse rialálaithe reatha ó 2001 go dtí 2005 mar thoradh ar an ardú géar agus an luas a bhain leis an infheistíocht a bhí beartaithe.

Dá bharr sin, rinne an Coimisiún athsceidealú ar na caiteachais cheadaithe don chlár athnuaite gréasáin agus ar na caiteachais ghaolmhara d'fhonn a chinntiú go gcuirtear leis na hacmhainní ag leibhéal níos staidéartha agus níos inbhuanaithe. Ceadaíodh caiteachas caipitil de €175 milliún i mí Bealtaine 2003, arna chinntiú ar an gcaoi sin go dtiocfadh na buntáistí dá bharr do chustaiméirí gréasáin ar chostas a rachaidís ann ar bhealach níos réasúnaí agus níos céimnithe. I measc na mbuntáistí a thiocfaidh de bharr an chláir athnuaite ceadaithe, áirítear athnuachan ar an ngréasán iomlán meánvaltais faoi dheireadh na bliana 2005, athchóiriú an ghréasáin 38kV agus fostáisiún nua. Is é tuairim an Choimisiúin go mbeidh gréasán dáilte ann de bharr an chaiteachais cheadaithe ag teacht le caighdeáin na hEorpa trí fheabhas ar chaighdeán an tsoláthair, sábháilteacht phoiblí agus ardú ar acmhainn an ghréasáin.

DEALÚ GNÓ

I mí Iúil 2003, d'aontaigh an Coimisiún le Plean Feidhme maidir le Dealú Gnó cuimsitheach maidir leis na bearta gearrtéarmacha agus fadtéarmacha is gá don dealú gnó. Seo a leanas na príomhcheisteanna a dtráchtar orthu sa phlean:

- Ionad Náisiúnta Caidrimh
- Seirbhísí i Siopaí do Chustaiméirí ESB Networks
- Suaitheantas ESB Networks
- Uimhreacha Caidrimh agus Suaitheantas ESB Networks ar Fheithiclí
- An tIdirlíon
- Aontíos
- Rochtain TE/Bainistiú Rochtain Úsáideora

Tabharfaidh an BSL faoi chlár cumarsáide d'fhonn an chaoi a gcuirfear na hathruithe ar sholáthar na seirbhísí seo i bhfeidhm a chur in iúl do chustaiméirí.

CUNTAIS RIALÁLA

Is coinníoll de chuid Ionstraim Reachtúil 445 den bhliain 2000 iad na cuntais rialála. Is é bun agus barr na socruithe cuntasaíochta rialála eolas a chur ar fáil a chuideoidh leis an gCoimisiún ag plé le monaplacht nó cumhacht an BSL i margadh thionscal an leictreachais. Tugtar eolas sna cuntais rialála atá níos dírithe ná an t-eolas a bhíonn i gcuntais reachtúla chomh fada is gur gá don BSL cuntais ar leith a chur ar fáil

maidir leis na gnónna tarchuir, dáilte, ginte agus Soláthar Leictreachais Poiblí (SLP) chomh maith lena sciathán soláthair neamhspleách, Independent Energy (ESBIE). Cuireann an BSL na cuntais sin ar fáil don Choimisiún gach bliain faoin 31 Márta tar éis chríoch na bliana roimhe sin ar 31 Nollaig.

CÓD MÉADAR

Úsáidtear méadair ag tomhas leictreachas a ghintear, a sheachadtar agus a thomhailtear i margadh na hÉireann. Bíonn gá le cuntas ar aistriú leictreachais ar fud an chórais.

I mí Deireadh Fómhair, cheadaigh an Coimisiún Cód Méadair a leagann amach na híoschaighdeáin maidir le tomhais agus taifeadchoimeád le méadair ar mhéid leictreachais do thionscal an leictreachais agus sonraíodh ansin na coinníollacha maidir le dearadh teicniúil ar mhéadair, critéir oibriúcháin maidir le méadair, cruinneas na sonraí ó mhéadair agus bainistiú sonraí. Baineann an cód leis an Oibritheoir Córais Tarchuir (OCT), Úinéir Socmhainne Tarchuir (ÚST), Oibritheoir Córais Dáilte (OCD), soláthróirí agus custaiméirí agus Gineadóirí.

MÉADARÚ AG POINTÍ OLLSOLÁTHAIR

Tarlaíonn caillteanas teicniúil ar na córais tarchuir agus dáilte agus leictreachas ag rith trí na gréasáin.

I mí Eanáir, cheadaigh an Coimisiún clár chur isteach méadair ag Pointí Ollsoláthair. Tá d'aidhm leis an gclár sin méadair a chur isteach ag an bpointe ceangail idir an córas tarchuir agus an córas dáilte (nó idir an córas tarchuir agus custaiméir a bhfuil ceangal díreach aici). Ligfidh na méadair sin do ríomh an chaillteanais dáiríre ar fud an chórais ag na léibhéil valtais éagsúla ar fad, rud a bhfuil tábhacht leis maidir le gineadóireacht arís, margadh nua mórdhíola Socruithe Margaidh Leictreachais (SML) (a phléitear níos faide síos sa tuarascáil seo), agus díshrianú iomlán an mhargaidh mhiondíola.

PRÓISEAS TAIRISCEANA CEANGAIL

San athbhreithniú bliantúil ar na táillí tarchuir don bhliain 2002, chuir an Coimisiún isteach coinníoll go laghdódh an OCT, Greille Náisiúnta an BSL, an uastréimhse próiseála ó naocha lá oibre go dtí seachtú lá oibre. Ba í an aidhm a bhí leis sin a chinntiú soláthar níos éasca ar thairiscintí ceangail do thosaitheoirí nua sa mhargadh. I mí Márta, cheadaigh an Coimisiún an cháipéis leasaithe maidir leis an bpróiseas tairisceana ceangail a tháinig i bhfeidhm maidir le gach iarratas a gheofaí ó mhí Iúil 2003 ar aghaidh. Pléitear i measc rudaí eile sa cháipéis leasaithe le polasaí praghsála ceangail, ceangail inchonspóide, idirghníomhaíocht, ceangail chasta agus táillí caighdeánacha.

AIGHNIS TREAS PÁIRTÍ

Faoi réir alt 34(6) an Achta um Rialáil Leictreachais 1999, cinneann an Coimisiún i gcás aighnis maidir leis na téarmaí do cheangal leis na córais tarchuir nó dáilte. Is féidir le custaiméirí cáilithe agus gineadóirí agus soláthróirí aighneas le hoibritheoirí an ghréasáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin d'fhonn cinneadh mar gheall air. D'fhéadfadh go mbainfeadh aighnis le ceisteanna ar nós costas ceangail, moill nó líomhaintí maidir le éagothroime. Ní fhoilsíonn an Coimisiún na cinntí deireanacha mar gur minic rúndacht agus íogaireacht thráchtála ag baint leis an eolas ó pháirtí amháin nó ón dá pháirtí iontu. Ina dhiaidh sin féin, d'fhéadfadh gur ghá athrú ar an bpolasaí reatha maidir le rochtain don ghréasán mar gheall ar cheisteanna a tharraingeofaí anuas le linn aighnis. Ina leithéid de chás, b'fhéidir go dtagródh an CER do mhionsonra neamhrúnda gan íogaireacht thráchtáila ag baint leis maidir leis an aighneas agus athrú polasaí á mholadh aige.

Táillí Leictreachais

ATHBHREITHNIÚ AR THÁILLÍ GRÉASÁIN & PES (SOLÁTHAR)

Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar tháillí gréasáin & PES (soláthar) gach bliain d'fhonn a chinntiú go bhfuil táillí a léiríonn costais ina n-iomláine ann agus an margadh á dhíshrianú go hiomlán i 2005. Ligfidh soiléir maidir le costais do chothrom na Féinne do thosaitheoirí nua sa mhargadh ag an am céanna lena chinntiú go bhfuil soláthar inbhuanaithe, slán de leictreachas ar phraghas coimhlinte ag na custaiméirí.

TÁILLÍ GRÉASÁIN DON BHLIAIN 2004

Rinneadh athbhreithniú ar tháillí ghréasáin leictreachais d'fhonn na costais dháilte agus tharchuir a sheasann Gréasáin an BSL agus Greille Náisiúnta an BSL faoi seach a thabhairt san áireamh. Foilsíodh na táillí i mí Deireadh Fómhair 2003.

TÁILLÍ PES (SOLÁTHAR) DON BHLIAIN 2004

Socraíodh táillí soláthair leictreachais, atá á rialáil ag an gCoimisiún, d'fhonn ligean d'athghabháil chostais ghinte agus sholáthair, chomh maith le costais ghréasáin, an BSL agus iad ag soláthar dá gcuid custaiméirí. Tar éis iniúchadh ar an tionchar ar tháillí an BSL, cheadaigh an Coimisiún ardú de 5.09% ar mheánphraghas an leictreachais do chustaiméirí de chuid ESB PES. Tá an Coimisiún aireach gur cheart go léireofaí go hiomlán an costas a bhaineann le soláthar do réimsí éagsúla custaiméirí sna táillí. Cuireann an t-athbhreithniú is deireanaí seo ar tháillí an BSL tuilleadh dlúis leis an bpróiseas athchothromaithe táillí. Glactar leis ag ceadú na dtáillí go mbeidh feabhas leanúnach ar an táirgiúlacht i ngnónna na ngréasán agus an tsoláthair phoiblí.

ATHBHREITHNIÚ AR STRUCHTÚR NA dTÁILLÍ

I mí na Samhna 2003, thosaigh an Coimisiún athbhreithniú ar struchtúr na dtáillí foilsithe ag an BSL. Is é scóp an togra seo, go sonrach, athbhreithniú a dhéanamh maidir leis na táillí seo a leanas:

- Úsáid Tarchuir ar an gCóras & Táillí Ceangail;
- Úsáid Dáilte ar an gCóras & Táillí Ceangail;
- Táillí ESB PES (Soláthar) Tariffs

Tá d'aidhm leis an athbheithniú ar struchtúr na dtáillí, struchtúr táillí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm nach é amháin go spreagfaidh sé éifeachtacht san úsáid as agus san infheistíocht sna gréasáin leictreachais ach go gcothóidh sé coimhlint agus cothroime chomh maith sna réimsí éagsúla custaiméara, agus ag an am céanna go socrófar táillí a léiríonn an costas agus nach ndéanann idirdhealú éagórach idir réimsí éagsúla custaiméara. Foilsíodh aidhmeanna an athbhreithnithe seo, chomh maith le sonraí maidir leis na struchtúir táillí atá ann faoi láthair, i mí na Nollag 2003.

Déanfar comhairleachán maidir le malairt struchtúr táillí in am tráth d'fhonn an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche faoi mhí Iúil 2004.

Socruithe maidir le Trádáil Leictreachais sa Mhargadh Athraitheach

SOCRUITHE TRÁDÁLA MÓRDHÍOLA LEICTREACHAIS FAOI LÁTHAIR

Nuair a ligeadh coimhlint sa mhargadh leictreachais den chéad uair riamh i mí Feabhra 2000, cuireadh socruithe trádála sealadacha i bhfeidhm. Sa mhargadh eatramhach seo, déanann na gineadóirí conradh go díreach leis na soláthróirí maidir le díol leictreachais. Is féidir aon chás nach dtagann an méid a dhíoltar leis an méid a cheannaítear a shocrú sa mhargadh. Íoctar praghas doirte ar leictreachas a dhíoltar leis an margadh agus gearrtar praghas breise ar leictreachas a cheannaítear ón margadh.

Ríomhann an Coimisiún an praghas breise gach bliain agus ceadaíonn sé modh socraithe an phraghas doirte. I rith na bliana 2003, bhí roinnt cruinnithe ag an gCoimisiún le páirtithe leasmhara d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna le hathruithe sna praghsanna doirte agus breise. Cuireadh roinnt de na moltaí a d'eascair ó na cruinnithe sin i bhfeidhm, lena n-áirítear foilsiú na bpraghsanna breise don bhliain 2004 i mí Meán Fómhair 2003 i gcodarsnacht leis an gcleachtas roimhe sin na praghsanna a fhoilsiú ag deireadh na bliana roimhe. Cuidíonn an foilsiú níos luaithe seo le soláthróirí ar gá dóibh eolas a fháil níos tráthúla le haghaidh idirghabháil ar chonarthaí lena gcuid custaiméirí. Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar mhodh socraithe na bpraghsanna breise go luath sa bhliain 2003 agus rinneadh roinnt leasuithe ar mhodh ríofa na breise. Ghlac an Coimisiún le modh nua socraithe do na praghsanna doirte atá níos soiléire agus níos in-réamhinsinte.

Thug an Coimisiún breith i rith na bliana anuraidh mar gheall ar dhá aighneas maidir le hoibriú na socruithe trádála sa mhargadh mórdhíola faoi láthair. Bhain an chéad aighneas leis an ríomh ar chostais sriantachta agus bhain an dara aighneas le oibriú EPUS, an clár ríomhaireachta a ghlanann an margadh, agus le tuiscint ar na rialacha trádála agus socraíochta.

Socruithe Margaidh Nua don Leictreachas

RÉAMHRÁ

Mar a tuairiscítear thuas, cuireadh na socruithe trádála sealadacha maidir le leictreachas i bhfeidhm i mí Feabhra 2000 nuair a rinneadh an chéad díshrianú ar an margadh maidir le coimhlint. Bhí de dhualgas ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe sin, de réir Threoir na bliana 1999 ón Aire Fiontar Poiblí ag an am, d'fhonn iad a leasú nuair a bheadh díshrianú iomlán ar an margadh sa bhliain 2005.

Shocraigh an Coimisiún an t-athbhreithniú sin a thionscnamh níos luaithe ná ab éigean ar roinnt cúiseanna. B'fhacthas nach raibh an margadh idir an dá linn ina bhonn le coimhlint éifeachtach agus bhí an Coimisiún ag iarraidh cinnteacht rialála a chur ar fáil do pháirtithe a raibh suim acu infheistiú sa mhargadh seo. Le linn an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún comhairleachán go forleathan leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh agus le páirtithe leasmhara, iad sin as Tuaisceart Éireann san áireamh. D'fhoilsigh an CER an cinneadh a bhí beartaithe aige maidir leis na prionsabail ardleibhéil a chuirfí i bhfeidhm sa mhargadh nua i mí Bealtaine 2003. I mí Iúil 2003, leagadh amach bunús an mhargaidh nua Margadh Aibhléise na hÉireann (MAE)[2] in Ionstraim Reachtúil Uimh. 304 den bhliain 2003 An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 Rialacháin (Socruithe Margaidh Leictreachais) 2003.

PRÍOMHGHNÉITHE MAE

Ní mór don lucht ginte a ngintear a dhíol isteach sa mhargadh agus do sholáthróirí a bhfuil gá acu leis a cheannach as an margadh. Féadfaidh praghas díolta agus ceannaithe an leictreachais athrú ó leathuair go leathuair. Le linn aon tréimhse leathuaire, áfach, athróidh an praghas a íoctar leis an ngineadóir ag brath ar shuíomh fisiciúil an ionad ginte. Ar an taobh eile den scéal, is iondúil go n-íocfaidh soláthróirí praghas comhionann, is cuma cá bhfuil a gcuid custaiméirí lonnaithe. Déanfaidh an tOibritheoir Córais agus Margaidh bainistiú ar an margadh.

Tabharfaidh gach gineadóir eolas don Oibritheoir Córais agus Margaidh faoin

2. Malartaíonn CER an leagan Gaeilge seo d'ainm an mhargaidh le "Socruithe Margaidh don Leictreachas"

méid leictreachais is mian leis a dhíol agus na praghsanna a théann leis. Ar an gcaoi chéanna, tabharfaidh soláthróirí eolas ar an méid leictreachais is mian leo a cheannach. Rithfidh an tOibritheoir Córais agus Margaidh clár ríomhaireachta (ar a dtugtar Inneall Glanta an Mhargaidh) leis an gcostas is ísle ar sholáthar cinnte a chur ar fáil do chustaiméirí a aimsiú.

BUNTÁISTÍ LE MAE

Tá MAE oiriúnach do mhéid agus do chomhdhéanamh mhargadh na hÉireann. Tagann sé le treoracha an AE agus cruthaíonn sé spreagadh le costais a laghdú. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé na cuinsí ar fáil a oireann do thosaitheoirí nua ginte.

I measc na mbuntáistí sonracha atá leis na socruithe trádála nua, tá siad seo a leanas:

- Tugtar praghsanna éifeachtacha trína chinntiú gurb é is gineadóir is ísle costas a úsáidtear
- Cothaítear Rannpháirtíocht ar Thaobh an Éilimh
- Trédhearcacht
- Tugann sé comharthaí maidir le hacmhainn bhreise a sholáthar. Is léir d'infheisteoirí na hionaid is fearr ar an gcóras le gineadóireacht bhreise a lonnú ar an gcostas is lú
- Cuidíonn sé le Cuspóirí Kyoto trí chostas na n-astaíochtaí a chur san áireamh agus an modh is ísle costais le freastal ar an éileamh á ríomh

DÉILEÁIL LE CEANNAS SA MHARGADH FAOI MAE

Nuair a rinne an Coimisiún comhairleachán maidir leis an struchtúr ab oiriúnaí le cur ar an margadh, luadh ceannas an BSL sa mhargadh a bheith ar na laigí ba thábhachtaí a bhain leis na socruithe margaidh sealadacha agus ar cheann a raibh gá le déileáil leis in aon socrú nua margaidh. Faoi láthair, is le ESB Power Generation (ESB PG) timpeall is 80% den acmhainn ghineadóireachta agus tá leas suntasach aige chomh maith i roinnt stáisiún na ginte eile. Ar an taobh soláthair, cuireann ESB PES leictreachas ar fáil do timpeall is 70% den éileamh iomlán.

Mura dtugtar mar is cóir faoin gceannas sa mhargadh, ní oibreoidh na socruithe margaidh nua chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil agus ba cheart agus ní bheidh an leas iomlán ag an gceannchustaiméir ó bhuntáistí eacnamaíochta mhargadh leictreachais choimhlinte. I rith na bliana 2004, foirfeoidh an Coimisiún cur chuige rialála cuimsitheach le ceannas an BSL sa mhargadh a bhainistiú sa MAE – ar thaobh na gineadóireachta agus ar thaobh an tsoláthair den mhargadh. Bainfidh an cur chuige rialála sin le gach gné d'iompar ESB PG agus ESB PES sa mhargadh agus, nuair nach ndéantar aon athchóiriú ó thaobh struchtúir, cinnteoidh sé margadh a oibríonn go maith agus a bhainfidh amach go leor de na buntáistí margaidh, nó iad ar fad. Seo a leanas dhá phríomhchuspóir an chur chuige rialála:

1. Ba chóir go bhfeicfí do rannpháirtithe sa MAE nach mbaineann leis an BSL gur margadh a fheidhmíonn mar mhargadh a oibríonn agus mar mhargadh coimhlinte é; agus
2. Ba chóir go léireodh an BSL iompar agus obair i gcosúlacht leis an iompar agus an obair a bheadh uaidh dá mba comhlacht príobháidithe agus dealaithe sa mhargadh é.

Trí na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go mbeadh buntáistí ag an gceannchustaiméir ó mhargadh coimhlinte leictreachais a mbainfeadh úsáid níos éifeachtaí agus níos táirgiúla ar shócmhainní leis; dáileadh níos fearr ar shócmhainní, cinntí níos fearr maidir le cineál, méid, cineál breosla agus suíomh i gcás infheistíochta nua; nuálacht agus buntáistí ar an taobh éilimh. Déanfaidh an Coimisiún comhairleachán le rannpháirtithe sa mhargadh i rith na bliana 2004 d'fhonn an cur chuige rialála seo a thabhairt níos faide chun cinn.

TRÁDÁIL LEICTEACHAIS I MARGADH UILE-OILEÁIN

B'ábhar tábhachtach le cur san áireamh ag an gCoimisiún agus na socruithe margaidh nua don leictreachas á bhforbairt aige, a éasca agus a d'fhéadfaí

an múnla a roghnófaí a shíneadh le margadh leictreachais Thuaisceart Éireann a chuimsiú ann. Is é tuairim an Choimisiúin gur féidir le MAE freastal go héasca ar mhargadh Thuaisceart Éireann, leis an margadh sin ina chuid slán de MAE nó ina pháirtí seachtrach ag trádáil le MAE. Tá Ofreg agus rannpháirtithe i margadh Thuaisceart Éireann faoi láthair ag meas an dtabharfar a gcuid socruithe margaidh mórdhíola féin le múnla MAE nó nach dtabharfar. Foilseofar tuarascáil ar an ábhar sin arna choimisiúnú ag an ngrúpa Internal Market in Electricity (IME) i dTuaisceart Éireann go luath sa bhliain 2004.

Idir an dá linn, is gá díriú ar roinnt ceisteanna a bhaineann le trádáil leictreachais idir dhá mhargadh leictreachais nach ionann struchtúr dóibh. Tá an Coimisiún, i gcomhar le Ofreg agus rannpháirtithe margaidh eile ag obair faoi láthair ar réiteach ar ábhair bhuartha maidir le réimsí leasa i gcomhar. Leanfaidh an Coimisiún ag obair go dlúth le Ofreg agus oibritheoirí córais tarchuir ó Thuaidh agus ó Dheas ag féachaint le sineirgíochtaí agus éifeachtachtaí costais a aimsiú trí réimeas a chruthú a éascóidh d'oibirú córas comhordaithe agus comhoiriúnach sa dá dhlínse a mbeidh úsáid níos éifeachtaí ar shócmhainní de thoradh air.

STRUCHTÚR RIALAITHE CHLÁR MAE

Cuireadh tús le céim feidhme MAE i mí Meán Fómhair 2003. Tá na prionsabail deartha ardleibhéil á n-aistriú faoi láthair ina rialacha mionsonraithe agus sonraíocht chórais a úsáidfidh Greille Náisiúnta an BSL do cheannach na gcóras TE is gá. I rith na bliana 2004, forbróidh an Coimisiún réimeas tástála agus nós imeachta deimhniúcháin d'fhonn a chinntiú go mbeidh gineadóirí agus soláthróirí réidh do dháta na preibe i mí Feabhra 2006. Tá réimse grúpa oibre tionscail bunaithe le dul chun cinn a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann go sonrach le rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh. Chomh maith leis sin, tá plean bainistíochta do pháirtithe leasmhara forbartha ag an gCoimisiún lena chinntiú go bhfuil gach páirtí leasmhar ar an eolas maidir leis an dul chun cinn agus go bhfuil an deis acu a gcuid tuairimí agus/nó buairimh a chur in iúl. Leanfaidh an Coimisiún ag déanamh comhairleacháin le páirtithe leasmhara maidir le ceisteanna leagan amach an mhargaidh i rith na bliana 2004 lena chinntiú go gcoinnítear an cúrsa maidir le socruithe margaidh nua ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm go sásúil faoi 19 Feabhra 2006.

ÉASCÚ DO GHINEADÓIRÍ IN-ATHNUAITE FAOIN MAE

Riarfaidh an MAE do ghineadóireacht in-athnuaite le foinsí fuinnimh uaineacha agus fóirfear do stáisiúin neamh-inseachadta. Cé go mbainfidh roinnt de na buntáistí leis na socruithe trádála nua le gach rannpháirtí sa mhargadh, tá roinnt eile a dhéanann sochar go sonrach do ghineadóireacht in-athnuaite, ina measc:

- Margadh cinnte do ghineadóirí tríd an spotmhargadh;
- Íocaíochtaí intuigthe acmhainne do ghineadóirí san áireamh i bpraghas an sportmhargaidh;
- Níl aon choinníoll ann maidir le sceidil chothroma soláthair agus gineadóireachta;
- Straitéisí tairisceana simplí le cumhacht a thairiscint don mhargadh;
- Tairiscintí seasmhacha do ghineadóireacht nach gá a athrú – a laghdú méid an riaracháin do rannpháirtithe beaga go háithrid;
- Deis ar an teacht isteach níos fearr a bhaineann le LMP níos airde do ghineadóirí atá suite i gceantair fhabhracha;
- Soiléire praghas agus in-réamhinsinte;
- Seasmhacht praghas trí Chonarthaí maidir le Difríochtaí agus (CID) agus Cearta Tarchuir Airgeadais (CTA).

Is dócha go leanfar ag tabhairt tacaíochta do ghineadóireacht in-athnuaite trí scéimeanna arna n-urrú ag an rialtas bunaithe ar AER.

Margaí Miondíola Leictreachais agus an Custaiméir

Ó 19 Feabhra 2004, tá deis choimhlinte i 56% den mhargadh miondíola ina bhfuil 12,000 custaiméir tráchtála agus tionsclaíoch breise san earnáil cháilithe. Faoi láthair, tá iomlán de 14,000 custaiméir a fhéadann a roghnú ESB PES a fhágáil agus socrú leictreachas a cheannach ó sholáthróir eile sa mhargadh. Tabharfar isteach neamhshrianú iomlán ar an margadh miondíola ar 19 Feabhra 2005. Ligfidh sin do gach custaiméir leictreachais soláthróir nua leictreachais a roghnú más mian leo.

TOGRA TEICNEOLAÍOCHT EOLAIS DHÍSHRIANÚ AN MHARGAIDH LEICTREACHAIS

Ionas go mbeidh éifeacht le díshrianú an mhargaidh, is gá do gach rannpháirtí sa mhargadh na córais TE riachtanacha a chur isteach. Ar 20 Nollaig 2002, chuir an BSL tuairisc ag leagan amach na nósanna imeachta feidhme agus na córais is gá a chur isteach le tacú le díshrianú iomlán an mhargaidh sa bhliain 2005 agus le héascú dó faoi bhráid d'fhonn ceadú an Choimisiúin a fháil. Leagtar amach córais eatramhacha ba ghá a chur isteach sa bhliain 2004 san aighneacht chomh maith.

Cheadaigh an Coimisiún €94.15 milliún in iomláine don Togra Díshrianú an Mhargadh agus Teicneolaíocht an Eolais. As sin dáileadh iomlán de €57.3 milliún i leith ghnónna Oibritheoirí Chórais Ghréasán agus Chlárú Méadair, dáileadh €11.45m i leith an ionaid caidrimh agus dáileadh €25.4 milliún do ESB PES. Measann an Coimisiún go mbeidh seirbhísí éifeachtacha, chothroma, ní amháin do ESB PES agus ESB Networks ach do gach rannpháirtí sa mhargadh, de thoradh ar an gcaiteachas ar chórais TE. Cuirfidh sin tuilleadh leis an gcoimhlint trína chinntiú go bhfuil an teacht céanna ag gach soláthróir ar eolas. Chomh maith leis sin, cinnteoidh sé nach mbeidh teacht ag gnónna an BSL ar eolas a mbaineann íogaireacht thráchtála leis, a thabharfadh buntáiste coimhlinte dóibh ar sholáthróirí eile. Ar an gcaoi sin, is céim shuntasach, riachtanach atá i bhforbairt na gcóras nua TE seo sa phróiseas maidir le dealú gnó an BSL.

CLÁR DÍSHRAINAITHE AN MHARGAIDH LEICTREACHAIS

Sa bhliain 2001, bhunaigh an Coimisiún grúpa oibre, ar a raibh daoine ón tionscal agus an CER, d'fhonn ról maoirsithe a chomhlíonadh maidir le córais agus próisis a theastaíonn do dhíshrianú iomlán an mhargaidh i mí Feabhra 2005. Foilsíodh na próisis mhargaidh foirfithe ar mhaithe le comhairleachán ar 7 Eanáir 2002. Bhí gá le roinnt athruithe breise d'fhonn a theacht le dearadh an chórais agus le riachtanais na soláthróirí a shásamh. Ina fhianaise sin, rinneadh próiseas dian comhairleacháin i rith na bliana 2003. Go luath sa bhliain 2004, cheadaigh an Coimisiún na próisis mhargaidh a bheidh i bhfeidhm do dhíshrianú iomlán an mhargaidh chomh maith leis na pleananna feidhme gaolmhara maidir le córais TE ESB Networks.

Chomh maith le clár oibre TE ESB Networks, beidh ar sholáthróirí a gcuid pleananna feidhme féin a chomhlíonadh le freastal ar na próisis mhargaidh aontaithe agus a gcuid córais TE a fhorbairt agus a thástáil san ullmhúchán do dhíshrianú an mhargaidh. Mar gheall air sin, tá iarrtha ag an gCoimisiún go gceapfaí Comhordaitheoir Thástáil Ullmhúcháin Neamhspleách don Mhargadh Miondíola le pleanáil, monatóireacht agus deimhniú a dhéanamh ar thástáil na soláthróirí roimh dhíshrianú an mhargaidh. Tá clár oibre ardleibhéil eisithe ag an gCoimisiún freisin le baill an ghrúpa oibre ina leagtar amach tráthchláir thábhachtacha do pháipéir comhairleacháin de chuid an

Choimisiúin, clár feasachta custaiméirí agus tréimhse tástála ar chórais TE na rannpháirtithe éagsúla.

RIALÁIL AR AN EARNÁIL CHONRAITHEOIREACHTA LEICTREACHAIS

Mar fhreagra ar iarratas sa bhliain 2001 ón Aire Fiontar Poiblí ag an am scrúdú a dhéanamh maidir le ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoimisiún i rialáil earnáil chonraitheoireacht leictreachais na hÉireann san am atá romhainn, mhol an Coimisiún cur chuige maidir le rialáil ghearrthéarmach agus fhadtéarmach ar an earnáil san am atá romhainn. D'ullmhaigh an CER critéir maidir le rialáil an tionscail, i gcomhar leis an tionscal agus cuirfear i bhfeidhm iad le cur chuige céimnithe i rith na bliana 2004.

Faoin gcur chuige atá beartaithe, a chuireann le buanna agus rólanna dea-bhunaithe na n-imreoirí is tábhachtaí sa tionscal chonraitheoireacht leictreachais, beidh cúram ar an Oibritheoir Córais Dáilte (OCD) maidir le gnáthrialáil an tionscail agus cúram iomlán rialála an tionscail ar an gCoimisiún.

I rith na bliana, chas an Coimisiún le roinnt eagras rialála ar nós an Register of Electrical Contractors of Ireland (RECI) agus Electrical Contractors Safety and Standards Association (ECSSA) chomh maith le páirtithe leasmhara eile ar nós an OCD agus ETCI le forbairt an réimis nua a chur chun cinn.

NUACHT RÁITHIÚIL CFR & CUMARSÁID MHARGAIDH

Lean an Coimisiún, i rith na bliana 2003, ag foilsiú Nuacht Ráithiúil CFR, a thugann tuairiscí ráithiúla do thomhaltóirí, páirtithe sa tionscal agus páirtithe leasmhara maidir le forbairt agus eachtraí a chuireann le nó a imríonn tionchar ar na margaí gáis agus leictreachais atá ag teacht chun cinn. Is féidir Nuacht Ráithiúil an CFR a íoschóipeáil ó láithreán gréasáin an CFR agus tá sé le fáil mar chóip chrua nó mar chóip bhog ar liosta postála CFR nó ar a iarraidh.

Chomh maith leis sin, foilsíodh gné-alt den teideal 'Shop Around for the Best Value in the New Electricity Market' i nuachtlitreacha mhí Mheán Fómhair den Irish Small and Medium Enterprises Association (ISME), an Small Firms Association (SFA) agus Cumainn Tráchtála na hÉireann.

I rith na bliana 2004, beidh an Coimisiún ag rith feachtas feasachta do thomhaltóirí ag cur na n-athruithe sna margaí leictreachais agus gáis le gairid agus na himpleachtaí agus na buntáisti do chustaiméirí in iúl dóibh.

COSAINT NÍOS FEARR DON CHUSTAIMÉIR

Tá roinnt forálacha i dTreoir 2003/54/EC na hEorpa maidir le cosaint don tomhaltóir, lena n-áirítear custaiméirí leochaileacha.

I rith na bliana 2004, leasóidh an Coimisiún gach ceadúnas soláthair atá ann cheana féin, d'fhonn an coinníoll a chur isteach go gcuirfidh gach soláthróir cód cleachtais soláthróra faoi bhráid ina dtráchtfar ar réimsí ar nós cleachtais mhargaíochta, cosaint do thomhaltóirí leochaileacha etc. Beidh gach cód cleachtais ceadaithe ar fáil do cheannchustaiméirí ach é a iarraidh.

Cothú an Fhuinnimh Inbhuanaithe agus In-athnuaite

RÓL AN CHOIMISIÚIN MAIDIR LE FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Faoi réir an Achta um Rialáil Leictreachais, 1999, beidh aird ag an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a chuid dualgas agus feidhmeanna, ar an ngá atá le cineálacha fuinnimh in-athnuaite, inmharthana agus malartacha a chur chun cinn.

MONEYPOINT AGUS ÉAGSÚLACHT BREOSLA

De réir chinneadh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) maidir le ceadúnas Rialaithe Truaillithe Comhshlánaithe (RTC) do Moneypoint, tá trí rogha anois ag an BSL:

1) Moneypoint a dhúnadh ón mbliain 2008 ar aghaidh

2) an stáisiún a choinneáil ar oscailt ach oibriú ar uaireanta teoranta le linn na tréimhse 2008-2015 (má cheadaítear maolú ina leith faoin Treoir Stáisiúin Mhóra Dóite (SMD)

3) an stáisiún a choinneáil ar oscailt trí infheistíocht i dteicneolaíocht laghdaithe (díshulfarú gáis feadáin) le teacht le caighdeáin na Treorach SMD.

Beidh ar an BSL an cinneadh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh roimh lár na bliana 2004 más leis na bearta is gá leis na coinníollacha faoin Treoir SMD a chomhlíonadh a bheith déanta, rud a mbainfidh costas measta de os cionn €200 milliún leis.

D'fhéadfadh toradh tábhachtach do thomhaltóirí leictreachais agus do rannpháirtithe sa mhargadh faoi seach a bheith le aon chinneadh polasaí maidir le Moneypoint. Tá gá go háirithe leis na himpleachtaí costais do thomhaltóirí na hÉireann a mheas i gcomthéacs leibhéal cuí éagsúlacht bhreosla a choinneáil ar mhaithe le cinnteacht soláthair.

Go luath sa bhliain 2004, beidh an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ag déanamh coimisiúnú ar staidéar d'fhonn roghanna maidir le héagsúlacht breosla san am atá romhainn do chóras cumhachta na hÉireann a scrúdú. Is é cuspóir ginearálta an staidéir, scrúdú a dhéanamh ar na leibhéil chuí éagsúlacht bhreosla sa ghineadóireacht chumhachta i gcóras cumhachta na hÉireann agus cur chuige a mholadh leis na leibhéil éagsúlachta sin a bhaint amach a thiocfaidh leis na Socruithe Margaidh Leictreachais atá ag teacht chun cinn ar an gcostas is ísle do chustaiméirí. Measfar an baol agus an toradh a d'fhéadfadh a bheith ag leibhéil níos airde den bhrath ar ghás san am atá romhainn. Scrúdófar chomh maith na roghanna éagsúla maidir leis an mbrath ar ghás a laghdú agus na costais agus buntáistí a théann le gach rogha éagsúlachta breosla faoi seach. Díreoidh an staidéar go háirithe ar oibriú stáisiún cumhachta Moneypoint san am atá romhainn. Tá súil leis an staidéar a thabhairt chun críche faoi Aibreán 2004.

RFM VI & SÁIS THACAÍOCHTA RIALTAIS SAN AM ATÁ ROMHAINN

Faoi láthair, cuireann an Rialtas tacaíocht ar fáil i leith fuinneamh in-athnuaite faoin gclár Riachtanas Fuinnimh Mhalartaigh (RFM), RFM VI. Bronntar Comhaontú Ceannacháin Cumhachta 15 bliain le ESB PES faoi RFM ar ghineadóirí glasa a n-éiríonn leo. 578MV an acmhainn iomlán a bhí ar fáil faoi RFM V agus VI, agus bhain 90% de sin le gaoth.

Tuigeann an Coimisiún go bhfuil fógraithe ag an Aire chomh maith go bhfuil beartaithe aige an dáileadh tacaíochta ar oileán na hÉireann a ardú ón 500MV a bhí i dtosach ann go dtí 640MV faoi réir ag ceadú cabhair stáit an AE.

Bhí de choinníoll le comórtas RFM VI go mbeadh Údarú chun Tógála agus Ceadúnú chun Ginte bronnta ar iarrthóirí nó curtha isteach acu ar a leithéid leis an gCoimisiún.

I rith na bliana 2003, chuir an tAire tús le próiseas comhairleacháin chomh maith maidir le sás tacaíochta in-athnuaite tar éis RFM. Tá an Coimisiún rannpháirteach go gníomhach san athbhreithniú sin. Ar 27 Feabhra 2004, rinne an Coimisiún aighneacht le Comhairleachán na Roinne maidir le "Options for Future Renewable Energy Policy, Targets and Programmes".

Pléadh roinnt ceisteanna tábhachtacha in aighneacht an Choimisiúin maidir le leagan amach pholasaí fuinnimh in-athnuaite san am atá romhainn agus an gá leis an sás tacaíochta is éifeachtaí ó thaobh costais de a leanacht i bhfianaise aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar phraghsanna leictreachais.

Thairg an Coimisiún moltaí ar cheisteanna eile freisin maidir le slánú na treorach.

STAIDÉAR GAOITHE CFR/OFREG

I bhfianaise fhás na tábhachta le gineadóireacht gaoithe i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, choimisiúnaigh an Coimisiún agus Ofreg cuibhreannas faoi stiúir Garrad Hassan ina gcuimsítear ESBI agus Sustainable Energy Research Centre, Choláiste na hOllscoile, Corcaigh le imscrúdú a dhéanamh maidir leis an leibhéal rochtaine gaoithe a bhféadfaí freastal air ar chórais leictreachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann in éineacht sna trí spriocbhlianta – 2005, 2007, 2010. Cuireadh torthaí an staidéir sin i láthair an phobail ar 14 Feabhra 2003.

CREIDIÚNÚ CHP/GLAS

Ligeann Nasc Thuaisceart Éireann le Poblacht na hÉireann do sholáthróirí ceadúnaithe i margadh leictreachais na Poblachta leictreachas a importáil as Albain, trí Thuaisceart Éireann go dtí an Phoblacht. I mí Feabhra 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún an cinneadh aige maidir le creidiúnú importáil fhuinnimh in-athnuaite. Measann an Coimisiún gur den riachtanas é a chinntiú, faoi réir ag critéir áirithe, nach soláthraíonn soláthróirí glasa níos mó leictreachais in aghaidh na bliana do cheannchustaiméirí ná an méid atá ar fáil dóibh ag úsáid cineálacha fuinnimh in-athnuaite, inmharthana agus mhalartacha. D'fhonn a dheimhniú go gcomhlíonann soláthróir glas ceadúnaithe a chuid oibleagáide go hiomlán (mar a shainmhínítear sin faoi Choinníoll 20 de Cheadúnas Soláthair), d'fhoilsigh an Coimisiún, i mí Feabhra 2003, réimeas creidiúnaithe d'fhonn aon leictreachas a importáiltear isteach sa Phoblacht a dheimhniú mar fhuinneamh in-athnuaite, inmharthana nó mhalartach mar a mhínítear sin faoin Acht um Rialáil Leictreachais, 1999. D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairleacháin chomh maith maidir leis an réimeas creidiúnaithe TCC ar 27 Márta 2003.

TREOIR UATH-THÁIRGEOIRÍ AGUS TÁIRGEOIRÍ TCC

Glactar go coitianta leis gur modh éifeachtach le leictreachas a tháirgeadh é Teas agus Cumhacht Comhcheangailte (TCC) agus go bhfuil buntáistí comhshaoil leis. I mí Iúil, leathnaigh an Coimisiún na prionsabail ghearrtha táillí maidir le tarchur agus dáileadh is bonn leis an treoir Uath-tháirgeoirí go dtí gach táirgeoir TCC. Chiallaigh sé sin go n-íocfadh táirgeoirí TCC nach meastar a bheith ina n-uath-tháigeoirí táillí ceangail ar a n-acmhainn éilimh nó a n-acmhainn ginte, seachas ar an bpéire, agus mar a chéile, nach n-íocfaidís ach aon táille acmhainne leanúnach amháin.

LIPÉADÚ GLAS

Tá de choinníoll leis an Treoir Cineálacha In-athnuaite go gcuirfí córas sa siúl a dheimhneodh foinse an leictreachais. Scrúdófar i rith na bliana 2004 an chaoi a bhféadfaí sin a chur i bhfeidhm faoi na socruithe margaidh nua. Déanfaidh an Coimisiún cumarsáid ghníomhach le páirtithe leasmhara agus le rannpháirtithe an tionscail le linn an phróisis comhairleoireachta atá ag teacht. Tá Grúpa Saineolais TCC/Cineálacha In-athnuaite bunaithe ag an gCoimisiún chun na críche sin.

GINEADÓIREACHT GAOITHE – CEISTEANNA MAIDIR LE CINNTEACHT AN CHÓRAIS

I mí na Nollag, d'iarr Greille Náisiúnta an BSL ceadú an Choimisiúin faoin Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 go stopfadh an OCT agus an tOibritheoir Córas Dáilte (OCD) ag eisiúint tairiscintí do cheangail ghaoithe leis an ngréasán tarchuir agus dáilte go dtí deireadh na bliana 2003. Léirigh an OCT mórbhuaireamh maidir le scála (nach raibh súil leis) na gceangal gaoithe leis na córais tarchuir agus dáilte agus an bhagairt atá ansin do sheasmhacht an chórais. Tairgtear 786MV d'acmhainn do ghineadóirí gaoithe faoi láthair.

I bhfianaise dhualgais reachtúla an Choimisiúin maidir le leanúnachas agus cinnteacht an tsoláthair leictreachais agus na práinne a bhain leis na ceisteanna ar tharraing Greille Náisiúnta an BSL aird orthu, d'aontaigh an Coimisiún leis an moladh ar bhonn eisceachtúil. Ag teacht le tiomantas an CER dul i mbun comhairleacháin phoiblí agus lena dhualgas cineálacha in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn agus leasa an cheannchustaiméara a chosaint, d'iarr sé go n-eagrófaí fóram poiblí maidir le moladh Ghreille Náisiúnta an BSL agus go gcuirfí aighneachtaí maidir leis faoina bhráid.

Ag deireadh na bliana 2003, d'iarr Greille Náisiúnta an BSL síneadh leis an tréimhse státchairde i leith cheangail gaoithe go ceann tréimhse trí mhí go deireadh mhí na Márta 2004 d'fhonn ligean do réiteach cheisteanna teicniúla a bhí fós ann. Rinne an Coimisiún na haighneachtaí ar fad a cuireadh faoina bhráid agus an plé i bhfóram an tionscail a mheas. Chinn an Coimisiún go bhfuil roinnt ceisteanna ar gá réiteach práinneach ina leith le héascu do cheangal na gineadóireachta gaoithe don chóras agus cheadaigh sé an síneadh leis an tréimhse státchairde ar an mbunús go gcaithfear an t-am le dul i ngleic leis na ceisteanna atá ann. I measc na gceisteanna a tugadh faoi deara, bhí riachtanais an Chód Greille do Ghaoth agus clár mionsonraithe do shamhaltú ghineadóirí thuirbíní gaoithe.

I rith na bliana 2004, beidh Greille Náisiúnta an BSL ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an tionscal d'fhonn na ceisteanna a bhaineann leis an tréimhse státchairde a réiteach. Chun na críche sin, tá grúpa stiúrtha gaoithe bunaithe ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ag réiteach na gceisteanna bunúsacha. Measann an Coimisiún gur gá riachtanas agus coimheas a bheith ag baint le haon srianú ar chearta ghineadóirí thuirbíní gaoithe ceangal leis an gcóras tarchuir agus dáilte.

CÓD GREILLE NUA

Is cáipéis theicniúil atá sa chód greille ina leagtar amach na rialacha maidir le hoibriú, cothabháil agus forbairt chóras tarchuir na hÉireann. Tá gach leasú nó maolú ar an gcód greille faoi réir ag ceadú an CER leis. Oibríonn an Coimisiún ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbíonn iarratais ar mhaolú agus leasuithe a bheartaítear réasúnach agus nach dócha go mbeadh drochthionchar acu ar chinnteacht ná ar sheasmhacht an chórais. Bhí deacracht ag gineadóirí tuirbíní gaoithe ag comhlíonadh gnéithe áirithe den chód greille agus d'iarr siad maoluithe nuair a d'airigh siad nárbh fhéidir an comhlíonadh a bhaint amach.

Sa bhliain 2003, d'iarr an Coimisiún ar Ghreille Náisiúnta an BSL próiseas a leagan amach leis an gCód Greille a leasú d'fhonn déileáil le gineadóirí tuirbíní gaoithe. Bunaíodh grúpa ina raibh Greille Náisiúnta an BSL, CER, ESB Networks, rannpháirtithe agus grúpaí tionscail na gaoithe, le cód oibriúcháin ann féin taobh istigh den chód greille a bhainfeadh le gaoth amháin a chur le chéile. Tháinig an grúpa sin le chéile den chéad uair i mí Deireadh Fómhair agus aontaíodh go gcuirfí moltaí ar aghaidh chuig an gCoimisiún faoi Dheireadh Fómhair na bliana 2004. I bhfianaise na tréimhse státchairde a tugadh isteach maidir le ceangal ghineadóirí tuirbíní gaoithe i mí na Nollag, threoraigh an Coimisiún go gcuirfí luas faoi obair an ghrúpa seo. Cuirfear cód oibriúcháin nua maidir le gaoth faoi bhráid d'fhonn a cheadú ag an gCoimisiún i mí Aibreáin 2004.

CLÁR FORBARTHA FHEABHSÚ AN GHREILLE (CFFG) DO CHINEÁLACHA IN-ATHNUAITE

Bunaíodh de sprioc i bPáipéar Glas an Rialtais na bliana 1999 maidir le Fuinneamh Inmharthana 500MV breise de ghineadóireacht fuinnimh in-athnuaite a chur leis an ngréasán faoi 2005. Moladh clár feabhsaithe greille ina dhiaidh sin leis na teorainneacha airgeadais agus baca a bhí roimh ghineadóirí in-athnuaite a d'fhéadfadh a bheith mar chosc ar bhaint amach na sprice sin a mhaolú. Aimsíodh roinnt ceantair, dá ngairmtear cloigíní, ina raibh cead pleánála ag gineadóirí tuirbíní gaoithe agus cuireadh in ord iad de réir acmhainne. Tá cúig chloigín sa chlár faoi láthair a bhfuil tús áite acu. Shocraigh an CER, de réir an dualgas atá air cineálacha fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, tacú le airgeadú an chláir le teacht isteach ó Úsáid Tharchuir an Chórais (UTC) suas go dtí luach €30 milliún. Bainfidh obair an CER maidir leis an scéim san am atá romhainn le monatóireacht ar chaiteachas agus bhreathnú ar dhul chun cinn ag cur na gcloigíní roghnaithe i bhfeidhm.

Ceadúnú & Comhlíonadh

Is deismireachtaí tábhachtacha rialála sa mhargadh fuinnimh iad ceadúnú agus comhlíonadh atá mar bhonn le go leor gnéithe de struchtúr agus d'oibriú an mhargaidh lena n-áirítear sábháilteacht, cosaint an tomhaltóra agus imdhealú agus dealú gnó. Faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999 agus faoin Acht um Rialáil Gáis (Eatramhach) 2002, tá cúram ar an gCoimisiún maidir le húdarú agus ceadúnú pháirtithe nua ar mian leo tosú sna margaí gáis nádúrtha agus leictreachais. Tá measúnú ar iarratais ar cheadúnais, dá ngairmtear Údarú chun Stáisiún Ghinte a Thógáil nó a Atógáil, Ceadúnais chun Leictreachas a Ghineadh, Ceadúnais chun Leictreachas a Sholáthar, ceadúnais Sheoltóir/ Sholáthróir Gáis Nádúrtha agus eisiúint thoilithe le tógáil agus oibriú phíblínte nua gáis nádúrtha ar cheann de phríomhfheidhmeanna an Choimisiúin sna margaí leictreachais agus gáis.

CEADÚNÚ GÁIS

I rith na bliana 2003, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach maidir le ceadúnais lántéarmacha a fhorbairt agus a fhoirfiú maidir le soláthar/seoladh gáis nádúrtha, dáileadh agus tarchur mar a fhoráiltear faoi Alt 16 an Achta Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002. Ar 16 Aibreán 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún dréachtcheadúnais do gach ceann de na gníomhartha sin d'fhonn comhairleachán poiblí.

Cuirfidh na ceadúnais foirfithe tarchuir, dáilte agus soláthair cnuasach rialacha iompair mionsonraithe ar fáil, ag tabhairt aird ar leith ar an ngá le hiompú chumhacht mhonaplach ó tharchur agus dáileadh gáis nádúrtha ina ghníomhaíocht choimhlinte de sholáthar gáis nádúrtha a sheachaint. Chomh maith leis sin, beidh coinníollacha sna ceadúnais ag foráil d'éifeachtacht agus sábháilteacht níos fearr agus do chosaint níos fearr ar leasa na gceanncustaiméirí agus an ghníomhaíocht cheadúnaithe ar siúl.

Tá roinnt forálacha suntasacha rialála san áireamh sna ceadúnais tarchuir agus dáilte:

- Bunú feidhmeanna Bainisteora maidir le Creat Sábháilteachta, Seirbhís Fhreagartha Éigeandála agus Éigeandáil Ghréasáin.
- Cosc iompar frithchoimhlinteach agus tras-fhóirphraghsáil via imdhealú docht agus coinníollacha maidir le cuntais rialála.
- Soláthar agus úsáid éifeachtach ar shócmhainní agus oibleagáidí seirbhíse.
- Cosaint do Chustaiméirí Leochaileacha (Cód Seirbhís don Chustaiméir & nós imeachta maidir le déileáil le Gearáin).
- Bunú feidhmeanna agus dualgais maidir le Soláthróir Éagmaise agus Soláthróir den Iarracht Dheireanach.
- Soláthar eolas chlárú pointe gáis (ECPG) do sholáthróirí.
- Bunú feidhm Oifigigh Chomhlíonta Rialála.

Ar 6 Feabhra 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá pháipéar ag díriú ar thuairimí a fuarthas ó pháirtithe leasmhara maidir leis na dréachtcheadúnais tarchuir agus dáilte chomh maith leis na ceadúnais chríochnúla a bhí beartaithe. Tá plé substaintiúil ar an dá cheadúnas sin le teacht go luath sa bhliain 2004.

Tháinig líon suntasach freagraí maidir leis an dréachtcheadúnas maidir le soláthar/seoladh gáis nádúrtha i rith an chomhairleacháin seo agus foilsíodh an ceadúnas beartaithe, arna leasú mar ba chuí tar éis na tuairimí a fuarthas a mheas tuilleadh ag an gCoimisiún, mar dhréachtchinneadh i mí Márta 2004 d'fhonn comhairleachán deireanach leis an tionscal. Tar éis na tréimhse comhairleacháin deireanaí seo, foirfeoidh an Coimisiún na trí cheadúnas agus

cuirfear i bhfeidhm an réimeas ceadúnaithe atá beartaithe.

BRONNADH CHEADÚNAIS EATRAMHACHA GÁIS NÁDÚRTHA

I rith na bliana 2003, bronnadh Ceadúnais Soláthair Eatramhacha ar Vayu Limited agus Innogy [Ireland] Ltd [dá ngairmtear RWE Trading [Ireland] Ltd anois]. Beidh feidhm leis na ceadúnais sin go bhfoirfítear na ceadúnais aicmeacha lántéarmacha i rith na bliana 2004.

CLÁR COMHLÍONTA

Ar eisiúint na gceadúnas foirfithe chuig rannpháirtithe an mhargaidh atá gníomhach in earnálacha éagsúla an mhargaidh mar atá tarchur, dáileadh agus soláthar/seoladh, déanfaidh an Coimisiún maoirsiú ar fhorbairt chlár comhlíonta atá ábhartha do ghnó(nna) gach rannpháirtí ceadúnaithe.

Is deismireacht thábhachtach rialála atá sna ceadúnais agus tá i gceist, trí chur i bhfeidhm an chláir chomhlíonta, go ndéanfaidh an Coimisiún monatóireacht éifeachtach agus go gcinnteoidh sé go ngníomhaíonn gach rannpháirtí ceadúnaithe ar bhealach cóir, neamhleatromach, cuí.

CEADÚNÚ LEICTREACHAIS

Faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999, tá cúram ar an gCoimisiún maidir le measúnú ar iarratais ar cheadúnas leictreachais, dá ngairmtear Údarú chun Stáisiún Ghinte a Thógáil nó a Atógáil, Ceadúnais chun Leictreachas a Ghineadh, Ceadúnais chun Leictreachas a Sholáthar, ó pháirtithe nua, ar mian leo tosú sa mhargadh leictreachais.

ÚDARÚ CHUN TÓGÁLA, CEADÚNAIS GHINEADÓIREACHTA & SOLÁTHAIR

I rith na bliana 2003, d'eisigh an Coimisiún Údarú chun Tógála i leith naoi stáisiún breise. I bhfianaise an tiomantais aige gineadóireacht leictreachais de chineálacha in-athnuaite a spreagadh, is cúis áthais don Choimisiún gur údaraíodh tógáil seacht bhfeirm gaoithe breise i rith na bliana 2003.

Tar éis na dírialálaithe, tá an BSL dealaithe ina aonaid faoi leith anois. Soláthraíonn ESB PES, a ndéanann an CER rialáil ar a gcuid praghsanna faoi láthair, custaiméirí teaghlaigh agus leanfaidh sé á dhéanamh sin tar éis na bliana 2005. Tugann ESB Independent Energy (ESBIE) seirbhísí don earnáil cháilithe mar sholáthróir ceadúnaithe neamhspleách.

De réir srianta a chuir an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh i bhfeidhm sa bhliain 2003, beidh ar ESBIE an t-ainm atá air a athrú más mian leis custaiméirí teaghlaigh a thaobhú nuair a dhíshriantar an margadh leictreachais go hiomlán sa bhliain 2005. Is é tuairim an Choimisiúin go mbeadh buntáiste míchothrom as úsáid ainm an BSL (ESB) ag ESB Independent Energy (ESBIE). Tá srian ar ESBIE seirbhísí fuinnimh a dhíol le custaiméirí nach comhlachtaí móra iad.

I mí na Márta 2003, d'eisigh an Coimisiún ceadúnas gineadóireachta le cuideachta cleamhnaigh fhuinnimh in-athnuaite an BSL, Hibernian Wind Power Ltd, feirm ghaoithe 11.9MV i Carnsore, Co. Loch Garman, ar cuid é de Ghnó Ghineadóireachta Cumhachta, Fhuinneamh In-athnuaite agus TTC BSL. Is gnó ar leith de chuid BSL an Gnó Gineadóireachta Cumhachta, Fhuinneamh In-athnuaite agus TTC agus níl sé mar chuid den phríomhphunann stáisiún reatha ag Power Generation. Éascaíodh don dealú seo ó phríomhphunann Power Generation trí choinníollacha ceadúnais speisialta, lena n-áirítear socruithe imdealaithe le trasfhóirithint idir gnónna rialáilte de chuid BSL agus an gnó Fuinnimh In-athnuaite agus TCC a chosc. Bainfidh socruithe imdealaithe cuí le stiúrthóirí agus foireann an ghnó Fuinnimh In-athnuaite agus TCC, soláthar seirbhísí inmheánacha agus teicneolaíochta eolais, cóiríocht oifige, díolachán ar tháirge, socruithe airgeadais agus monatóireacht chomhlíonta.

Ceadúnú

Eisíonn an Coimisiún Údarú chun Tógála, ceadúnais chun gineadóireacht agus ceadúnais soláthair agus déanann sé monatóireacht maidir le comhlíonadh choinníollacha na gceadúnas sin.

Maidir le ceadúnais ghineadóireachta, déanann an Coimisiún measúnú agus ceadú i leith oibritheoir an stáisiúin ghineadóireachta cheadúnaithe, mar atá de choinníoll faoi Choinníoll 9 an Cheadúnais Ghineadóireachta. Éilítear faoi Choinníoll 15 de Cheadúnas Gineadóireachta go dtabharfadh an té atá faoi cheadúnas tuairisc uair sa bhliain don Choimisiún maidir lena chruthú comhshaoil ar bhealach éifeachtach, praiticiúil.

Éilíonn an Coimisiún go gcoinníonn soláthróirí ceadúnaithe a gcuid custaiméirí ar an eolas maidir lena dtomhailt leictreachais agus go dtugann siad sonraí caidrimh maidir le seirbhís fhiosrúcháin dá dtarlódh gur theastaigh aird phráinneach uathu. Tá de cheangal ar an té a bhfuil ceadúnas aige chomh maith sonraí caidrimh an CER a thabhairt do chustaiméirí ionas gur féidir leis an gCoimisiún cuidiu le haon ghearáin neamhréitithe idir an soláthróir agus an custaiméir a réiteach.

NÓSANNA IMEACHTA NUA MAIDIR LE IARRATAIS AR CHEADÚNAIS DO GHINEADÓIREACHT AR SCÁLA BEAG

I rith na bliana 2003, thug an Coimisiún isteach próiseas nach mbaineann ualach chomh trom leis maidir le measúnú ar iarratais ar údarás agus ar cheadúnais ó ghineadóirí ar scála beag d'fhonn na hualaigh rialála ar rannpháirtithe beaga sa mhargadh a laghdú oiread agus ab fhéidir. Cinneadh gur chóir gineadóirí ar acmhainn is nó ná nó is ionann agus 5 MV a mheasúnú ar bhealach nach mbaineann ualach chomh trom leis i gcás gach iarratas ar údarú nó ar cheadúnú gineadóireachta.

Aguisín 1
Clár Oibre CER 2004

GÁS	CREAT AMA
Críochnú an Athbhreithnithe ar Tháillí Gáis lena n-áirítear Ioncam Soláthair Ceadaithe Bhord Gáis, Struchtúr Táillí Dáilte agus Struchtúir Táillí Miondíola	R3/4
Cur i bhfeidhm shocruithe sainmhínithe acmhainne nua Isteach/Amach faoi Chód Oibriúcháin Iomlán	R4
Cur i bhfeidhm shocruithe le tacú le díshrianú breise ar an margadh maidir le gach custaiméir neamhtheaghlaigh	R4
Foilsiú na Moltaí Rialála Stórála	R3
Foilsiú an dara eagrán den Ráiteas Acmhainne Gáis	R3
Foirfiú na gCeadúnas Soláthair, Tarchuir agus Dáilte	R2
Aontú ar Chlár Comhlíonta Ceadúnais le Bord Gáis	R3
Críochnú Staidéir maidir le Comhchuibhiú Tháillí Tarchuir	R2
Críochnú Chláir Foilsithe Eolais maidir leis an Margadh	R4

MARGAÍ LEICTREACHAIS	
Foilsiú Phlean Straitéise an CER	R3
Athbhreithniú ar Thuarascáil Dóthain Gineadóireachta Ghreille Náisiúnta BSL	Leanúnach
Tuairimí leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir le hullmhú na reachtaíochta náisiúnta is gá le Treoracha Eorpacha a shlánú i nDlí na hÉireann	R1/R2
Foilsiú cháipéisí phróisis gnó mionsonraithe do Dhíshrianú an Mhargaidh Miondíola	R1
Monatóireacht ar phleananna feidhme rannpháirtithe maidir le Díshrianaú an Mhargaidh Miondíola	Leanúnach
Tuairimí le Tionscnaimh an Chomhghrúpa Stiúrtha Uile-Oileáin	Leanúnach
Fóram Tionscail ar Cheisteanna Leagan amach Mionsonraithe MAE, Fóram Custaiméara maidir le Rannpháirtíocht sa MAE	R2
Críochnú Rialacha Mionsonraithe MAE	R3
Forbairt Straitéise Rialála chuimsithí le dul i ngleic le ceannas ar MAE	R4
Forbairt straitéise maidir le tástáil Rannpháirtí sa Mhargadh Miondíola	R4
Athbhreithniú ar Riachtanais DSM agus ar Straitéis	R3

GRÉASÁIN LEICTREACHAIS AGUS TÁILLÍ

Críochnú an Athbhreithnithe maidir le ESB PES agus Táillí Gréasáin	R3
Críochnú an Athbhreithnithe maidir le ESB PES agus Struchtúr Táillí Gréasáin	R3
Forbairt Clár Miondíola MAE	R3
Críochnú an Athbhreithnithe Infheistíochta maidir le Gréasán Dáilte 110kV	R2
Cinneadh ar Leasuithe leis an gCód Greille agus an Cód Dáilte	R2
Eadráin maidir le Aighnis Cheangal leis an nGréasán	Leanúnach
Tús le Smachtú Praghsanna ar Ghnónna Gréasán	R4
Cur i bhfeidhm na n-athruithe is gá ar Chóid Cleachtais agus ar Chomhaontuithe ESB Networks	R2

GNÓTHAÍ GINEADÓIREACHTA & COMHSHAOIL

Athsheoladh RFM4	R2
Seoladh RFM5	R3
Athbhreithniú ar Ioncam ESB PowerGen 2005	R3
Athbhreithniú ar Chostais OCP 2005	R2
Foilsiú an Staidéir ar Éagsúlacht Breosla	R3
Cinneadh maidir le Costais Trádála Astaíochtaí	R3
Monatóireacht ar Chruthú sa Ghineadóireacht	Leanúnach
Monatóireacht ar Thógáil Stáisiún Gineadóireachta ag Buaiteoirí an Chomórtais Acmhainne 2005	Leanúnach

CEADÚNÚ & GNÓTHAÍ TOMHALTÓRA

Foirfiú an Cheadúnais Soláthair Gáis & Riachtanais Chomhlíonta	R2
Bronnadh Sainchead de bharr an Chomórtais Soláthair Gáis	R3
Cumarsáid leis an Margadh agus le Custaiméirí	Leanúnach
Forbairt Straitéis Feasachta Thomhaltóirí maidir le Díshrianú Iomlán an Mhargaidh	Q2

Aguisín 2
Reachtaíocht Leictreachais

Treoir 96/92/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 19 Nollaig 1996

Tháinig Treoir seo an AE maidir leis an margadh inmheánach leictreachais i bhfeidhm ar 19 Feabhra 1997 agus cuireadh i bhfeidhm in Éirinn é ar 19 Feabhra 2000. D'éiligh an Treoir go gceadófaí coimhlint i dtuairim is 28% de mhargadh leictreachais na hÉireann ag an am sin, ag ardú go dtí timpeall is 32% faoi mhí Feabhra 2003. Ligfidh sin do ghinteoirí agus/nó soláthróirí neamhspleácha leictreachais conradh a nascadh go díreach le custaiméirí cáilithe deimhnithe maidir le soláthar leictreachais.

Treoir 2003/54/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais agus ag cur Treoir 96/92/EC ar ceal & Rialachán Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le coinníollacha do rochtain ar an ngréasán do mhalartú leictreachais tras-teorann.

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le Treoir seo an AE maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais agus le Rialachán maidir le coinníollacha do rochtain don ghréasán do mhalartú leictreachais tras-teorann i mí Mheitheamh 2003. Tá forálacha sa Treoir, a dhéanann leasú agus athchóiriú ar threoracha roimhe seo maidir le leictreachas, do bhriseadh suas dlíthiúil ar oibríochtaí na gcóras tarchuir agus dáilte, do chosaint an tomhaltóra agus do bhunú údarás rialála náisiúnta neamhspleách. Forálann an treoir chomh maith do neamhshrianú an mhargaidh san earnáil tionsclaíochta/tráchtála faoi mhí Iúil 2004 agus do neamhshrianú an mhargaidh ar fad ar fud na hEorpa faoi Iúil na bliana 2007.

An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999

Is san Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 atá an creat reachtaíochta do thabhairt isteach na coimhlinte i ngineadh agus soláthar an leictreachais in Éirinn. Rinneadh foráil san Acht do bhunú an Choimisiúin um Rialáil Leictreachais agus tugtar na cumhachtaí riachtanacha dó chun ceadúnú agus rialáil a dhéanamh ar ghineadh, dáileadh, tarchur agus soláthar an leictreachais. Treoir Polasaí – Trádáil Leictreachais Ceann d'fheidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Leictreachais faoi Alt 9(1)(a) an Achta um Rialáil Leictreachais, 1999, is ea moltaí do chóras conarthaí agus socruithe eile, lena n-áirítear na cearta agus oibleagáidí cuí, maidir le trádáil leictreachais a fhoilsiú, de réir threoir nó threoracha polasaí ón Aire a chuirfear ar fáil go poiblí nuair a thugtar don CRL í/iad. Fuarthas an treoir polasaí sin ón Roinn Fiontar Poiblí ag an gCoimisiún ar 27 Iúil 1999.

I.R. Uimh. 213 den bhliain 1999: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 Ordú(Tosach Feidhme), 1999

Cuireann an tOrdú seo forálacha an Achta um Rialáil Leictreachais, 1999 i bhfeidhm ar 14 Iúil, 1999. I.R. Uimh. 214 den bhliain 1999: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 Ordú (Lá Bunaithe), 1999 Ceaptar faoin Ordú seo 14 Iúil 1999 mar an lá bunaithe chun críche alt 8 an Achta um Rialáil Leictreachais, 1999. Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais ar an lá sin d'fhonn na feidhmeanna a bhronntar air faoin Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 a dhéanamh.

I.R. Uimh. 309 den bhliain 1999: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 Ordú (Critéir maidir le Cinneadh ar Cheadúnuithe), 1999

Leagtar amach faoin ordú seo na critéir maidir lenar féidir leis an gCoimisiún um Rialáil Leictreachais cinneadh ar iarratas ar cheadúnú d'fhonn stáisiún ginte a thógáil nó a atógáil.

I.R. Uimh. 49 den bhliain 2000: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 Rialacháin (Socruithe Trádála Leictreachais), 2000

Bunaítear córas trádála leictreachais faoin rialachán seo, a rinneadh le toiliú an Aire Fiontar Poiblí, tar éis na nithe a tháinig chun cinn le linn an phróisis comhairleacháin phoiblí a heagraíodh de réir alt 9(1)(b) an Achta a thabhairt san áireamh.

I.R. Uimh. 445 den bhliain 2000: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach Leictreachais), 2000

Tugann na Rialacháin seo feidhm dlí do Threoir Uimh. 96/92/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 19 Nollaig 1996, maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais nach raibh i bhfeidhm cheana féin ag an Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, trí fhoráil do cheapadh Oibríocht Chóras Tarchuir, do cheapadh Oibríocht Chóras Dáilte, agus do scaoileadh na gcuntas maidir le gnóthais leictreachais, agus cúrsaí eile.

I.R. Uimh. 580 den bhliain 2001: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Sceideal, Mír 16) Ordú Tobhaigh, 2000

Cuirtear tobhach i bhfeidhm leis an ordú seo maidir le cineálacha áirithe gnóthais leictreachais sa bhliain 2002, chun críche ghlanadh an chostais a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais ann go cuí agus go cóir i ndéanamh a chuid feidhmeanna faoin Acht.

I.R. Uimh. 3 den bhliain 2002: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 Ordú (Custaiméir Cáilithe), 2002

Íslítear de réir an Ordaithe seo íostomhailt an chustaiméara cáilithe ó 4 Gvu in aghaidh na bliana go dtí 1 Gvu in aghaidh na bliana le héifeacht ó 19 Feabhra 2002.

I.R. Uimh. 217 den bhliain 2002: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 Ordú (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí), 2002

Treoraítear don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh faoin Ordú Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (OSP) oibleagáidí seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm ar an BSL a éileoidh ar an BSL táirge stáisiún ghinte leictreachais mhóna agus inathnuaite/mhalartacha a cheannach go dtí 31 Nollaig 2019 ar mhaithe le cinnteacht soláthair agus cosaint an chomhshaoil faoi seach. Foráiltear san Ordú OSP do thobhach OSP a thabhairt isteach ar cheannchustaiméirí leictreachais, ó 1 Eanáir 2003, i gcúiteamh na gcostas breise a dtéann an BSL iontu ag comhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí seo. Tá costas na bhfoinsí leictreachais seo báite cheana féin i dtáille saincheadúnais an BSL agus dá bhrí sin, nuair a thabharfar isteach an tobhach OSP, déanfar leasú cuí d'fhonn an tobhach OSP a léiriú go sonrach ar bhillí leictreachais, ar bhonn a bheidh ceadaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.

I.R. 522 den bhliain 2002: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Gás) Ordú Tobhaigh, 2002

Cuirtear tobhach i bhfeidhm faoin ordú seo ar chineálacha áirithe gnóthais gháis nádúrtha chun críche ghlanadh an chostais a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais ann go cuí agus go cóir i ndéanamh a chuid feidhmeanna faoi na hAchtanna Gáis 1976 go dtí 2002.

I.R. 606 den bhliain 2002: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Gás) Ordú (Uimh. 2) Tobhaigh, 2002

Cuirtear tobhach i bhfeidhm faoin ordú seo ar chineálacha áirithe gnóthais gháis nádúrtha chun críche ghlanadh an chostais a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais ann go cuí agus go cóir i ndéanamh a chuid

feidhmeanna faoi na hAchtanna Gáis 1976 go dtí 2002.

I.R. 607 den bhliain 2002: An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Leictreachas) Ordú Tobhaigh, 2002

Cuirtear tobhach i bhfeidhm leis an ordú seo ar chineálacha áirithe gnóthais leictreachais, chun críche ghlanadh an chostais a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais ann go cuí agus go cóir i ndéanamh a chuid feidhmeanna faoin Acht.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (margadh inmheánach leictreachais) (Leasú) 2003 (I.R. Uimh. 145 den bhliain 2002)

Tugtar leis na Rialacháin seo feidhm dlíthiúil do Threoir Uimh. 96/92/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 19 Nollaig 1996, maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais, trí leasú a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach Leictreachais) 2000 (I.R. Uimh. 445 den bhliain 2000), d'fhonn a fhoráil go gcuirfidh an BSL acmhainní ar fáil d'Aonad Aonad Gnó Ghreille Náisiúnta an BSL agus do EirGrid go dtí go mbíonn an scéim aistrithe a bhforáiltear dó i Rialachán 13 de I.R. Uimh. 445 den bhliain 2000 agus an comhaontú infrastruchtúir a bhforáiltear dó i Rialachán 18 de I.R. Uimh. 445 den bhliain 2000 i gcrích.

I.R. Uimh. 304 den bhliain 2003: An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 Rialacháin (Socruithe Margadh Leictreachais) 2003

Bunaítear córas nua trádála leictreachais faoi na rialacháin seo in áit an chórais atá ann faoi láthair. Comhchiste lárnach éigeantach a bheidh sa chóras nua trádála. Beidh ar gach ginteoir agus soláthróir, mura bhfuil faoiseamh acu, leictreachas a cheannacha agus a dhíol tríd an gcomhchiste. Foráiltear chomh maith sna rialacháin d'fhorbairt rialacha breise ag an gCoimisiún d'fhonn éifeacht a thabhairt don chóras nua trádála leictreachais.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach Leictreachais) (Leasú) 2003 (I.R. Uimh. 328 den bhliain 2003)

Shínigh an tAire an I.R. seo ar 23 Iúil 2003. Tugtar faoi na rialacháin seo breis éifeachta dlíthiúil le Treoir Uimh. 96/92/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais, trí leasú a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margadh Inmheánach Leictreachais) 2000 (I.R. Uimh. 445 den bhliain 2000), d'fhonn foráil do cheapadh an chéad Phríomhfheidhmeannaigh ar EirGrid ag Stiúrthóirí an chomhlachta agus d'fhonn éascú d'oibriú EirGrid mar Oibritheoir Chóras Tarchuir.

Cinneadh Choimisiún an AE C (2003) 4488 fin dar dáta 16 Nollaig 2003, Cabhair Stáit Uimh. N475/2003

Éire ag glacadh le socruithe oibleagáidí seirbhíse poiblí ar Sholáthróir Leictreachais Poiblí an BSL, i ndáil leis na conarthaí ginte nua de bharr chomórtas Acmhainne an CER 2005, ar mhaithe le cinnteacht soláthair.

An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 Ordú (Custaiméir Cáilithe) (Tomhailt Leictreachais) 2003 (I.R. Uimh. 632 den bhliain 2003)

Shínigh an tAire an I.R. seo ar 21 Samhain 2003. Athraítear de réir an Ordaithe seo an íostomhailt do chustaiméirí leictreachais cáilithe in Alt 27(2) an Achta um Rialáil Leictreachais 1999 (arna athrú ag An Acht um Rialáil Leictreachais 1999 Ordú (Custaiméir Cáilithe) 2002). Tríd an íostomhailt cháilithe a athrú ó 1 Gigeavata-uaire go 0.1 Gigeavata-uaire, foráiltear d'ardú an chéatadáin den mhargadh leictreachais a bheidh díshrianaithe go dtí timpeall is 56% le héifeacht ó 19 Feabhara 2004. Trí athrú breise ar an íostomhailt cháilithe ó 0.1 Gigeavata-uaire go 0.1 kiliveata-uaire le héifeacht ó 19 Feabhra 2005, foráiltear, a bheag nó a mhór, do mhargadh leictreachais neamhshrianta 100%.

Aguisín 3
Reachtaíocht Gáis

Treoir 98/30/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 22 Meitheamh 1998

Ar 22 Meitheamh 1998, ghlac Comhairle na hEorpa agus Parlaimint na hEorpa le Treoir 98/30/EC trína mbunaítear creat dlíthiúil le tús a chur leis an bpróiseas liobrálaithe in earnáil an gháis nádúrtha ar fud na mballstát ar fad. Leagtar síos rialacha i gcoiteann tríd an Treoir seo maidir le seachadadh, dáileadh, soláthar agus stóráil ar ghás nádúrtha. Leagtar síos ann na rialacha maidir le heagar agus feidhmiú earnáil an gháis nádúrtha, rochtain don mhargadh, oibriú córas, agus na critéir agus na nósanna imeachta a bhaineann le húdarás a cheadú d'fhonn gás nádúrtha a sheachadadh, a dháileadh, a sholáthar nó a stóráil.

An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais faoin teideal an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh mar rialálaí an gháis nádúrtha in Éirinn faoin Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002. Tugadh don Choimisiún na cumhachtaí is gá chun críche ceadúnú agus rialáil mar gheall ar sheachadadh, dháileadh, stóráil agus sholáthar an gháis nádúrtha agus chun críche Orduithe maidir le soláthar, seachadadh, dáileadh agus díol an gháis nádúrtha a eisiúint. Tugadh cumhachtaí don Choimisiún faoin Acht chomh maith chun píopa tarchuir nó dáilte a cheadúnú. Bhí an tAcht seo freisin ar an dara céim de dhíshrianú mhargadh gáis na hÉireann sa chaoi is go bhfuil custaiméirí ar mó a dtomhailt in aghaidh na bliana ná 2 mscm de ghás nádúrtha i dteideal feasta soláthar gáis nádúrtha a fháil ó Sheachadóir/Sholáthróir ceadúnaithe seachas an Bord Gáis. Déanann an tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002, leasú ar dhá Acht Gáis roimhe sin, Acht Gáis na bliana 1976 agus an tAcht Gáis (Leasú), 1987.

I.R. Uimh. 146 den bhliain 2002 Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 Ordú(Lá Ceaptha) 2002

Ceaptar an 30 Aibreán 2002 ina lá ceaptha chun críche an Achta Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002 faoin Ordú seo.

I.R. Uimh. 264 den bhliain 2002 Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 Rialacháin (Critéir maidir le Cinneadh Tola) 2002

Leagtar amach sna rialacháin seo na critéir maidir le cinneadh tola de réir an iarratais ar thoiliú le tógáil nó feabhsú píopa, ar féidir a chinneadh ag an gCoimisiún um Rialáil Leictreachais.

I.R. Uimh. 265 den bhliain 2002 Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 Rialacháin (Critéir maidir le Cinneadh ar Iarratais ar Cheadúnais Gháis Nádúrtha) 2002

Leagtar amach anseo na critéir maidir lena gcinnfeadh an Coimisiún mar gheall ar iarratas ar cheadúnas.

I.R. Uimh. 545 den bhliain 2002 Acht Gáis 1976 (Alt 10A(1)(e) Rialacháin (Ráta Tomhailte Bliantúil) 2002

Laghdaítear de réir an IR seo an íosmhéid tomhailte a fhágann ceart rochtaine ag custaiméirí ar an ngréasán gáis nádúrtha go dtí 500,000 scm in aghaidh na bliana. Is é 1 Eanáir 2003 an dáta feidhme.

Treoir 2003/54/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 26 Meitheamh 2003

Ar 26 Meitheamh 2003, ghlac Comhairle na hEorpa agus Parlaimint na hEorpa le Treoir 98/30/EC maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach leictreachais agus ag cur Treoir 96/92/EC ar ceal.

Treoir 2003/55/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 26 Meitheamh 2003

Ar 26 Meitheamh 2003, ghlac Comhairle na hEorpa agus Parlaimint na hEorpa le Treoir 2003/55/EC maidir le rialacha i gcoitinne don mhargadh inmheánach gáis nádúrtha agus ag cur Treoir 98/30/EC ar ceal.

I.R. Uimh. 196 den bhliain 2003 An tAcht Gáis (Leasú) 1987 (Alt 2) (Dáiliúchán) Ordú 2003

Bronntar faoin Ordú seo feidhmeanna ar Bhord Gáis Éireann maidir le tógáil agus oibriú phíblínte gáis nádúrtha i gceantracha éagsúla trí Ordú de réir Alt 2(1). Ligfidh sin do dháileadh gháis nádúrtha sna bailte Gaillimh, Órán Mór, Béal Átha na Sluaighe, an Tulach Mór, Clóirtheach, an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain.

I.R. Uimh. 428 den bhliain 2003 An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 (Alt 16) Rialacháin 2003

Cuireann an rialachán seo Altanna 16(2) agus 16(10) an Achta Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 ó fheidhm agus tá de thoradh air táirgeoirí gáis nádúrtha a shaoradh ó na coinníollacha maidir le ceadúnas soláthair a bheith acu i leith soláthar gháis nádúrtha do sholáthróirí ceadúnaithe ag pointí isteach sa chóras tarchuir.

Commission for Energy Regulation,
Plaza House, Belgard Road,
Tallaght, Dublin 24.

Tel: 01 4000 800
Fax: 01 4000 850
www.cer.ie